GA 2023

12

Tuarascáil speisialta

Maoirseacht an Aontais ar riosca creidmheasa na mbanc

Chuir BCE dlús lena iarrachtaí ach caithfear níos mó a dhéanamh ionas go méadófar an dearbhú go bhfuil an riosca creidmheasa á bhainistiú agus á chlúdach go cuí

CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-XII
Réamhrá	01-15
Maoirseacht stuamachta ar bhainc ag an mBanc Ceannais Eorpach	01-09
Riosca creidmheasa agus iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas Eorpach	10-15
Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta	16-22
Barúlacha	23-104
Tá measúnuithe BCE ar riosca creidmheasa de cháilíocht mhaith, ach ní bhaineann sé úsáid éifeachtúil as a chuid uirlisí chun bainistiú agus clúdach fónta ar riosca creidmheasa a áirithiú	23-76
Tá roinnt easnamh i measúnuithe maoirseachta BCE ar riosca creidmheasa na mbanc, ach tá na measúnuithe sin ar ardcháilíocht go ginearálta	26-36
Tá leithdháiltí foirne ailínithe le rioscaí sainaitheanta, ach tá gannchion ann nár tugadh aghaidh go fóill air	37-47
Tá próisis chomhairliúcháin agus formheasa BCE críochnúil, ach cuireann siad bac ar fhógra tráthúil a thabhairt do na bainc faoi chinneadh SREP	48-52
Ní bhaineann BCE úsáid éifeachtúil as a chuid uirlisí chun a áirithiú go bhfuil riosca creidmheasa clúdaithe go hiomlán ag caipiteal breise	53-70
Ní bhaineann BCE úsáid éifeachtúil as a chumhachtaí maoirseachta chun a rá le bainc riosca creidmheasa a bhainistiú ar bhealach níos fearr	71-76
Tá dlús curtha ag BCE lena iarrachtaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ábhair imní stuamachta a bhaineann le INTanna oidhreachta, ach ní bhaineann sé an úsáid is fearr is féidir as a chuid uirlisí	77-104
Conclúidí agus moltaí	105-121

Iarscríbhinn

Iarscríbhinn I – Obair leantach ar Thuarascáil speisialta 29/2016: An Sásra Aonair Maoirseachta – Tús maith déanta ach feabhsuithe breise de dhíth

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón mBanc Ceannais Eorpach

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I Déanann an Banc Ceannais Eorpach (BCE), i ndlúthchomhar le maoirseoirí náisiúnta, maoirseacht dhíreach ar thart ar 110 mbanc shuntasacha atá sna 21 Bhallstát atá rannpháirteach san Aontas Baincéireachta. Tugtar an Sásra Aonair Maoirseachta air sin, sásra a cuireadh ar bun in 2014.

II Déanann maoirseoirí measúnú ar na rioscaí atá ag bainc (amhail riosca creidmheasa, rialachas, leachtacht agus an tsamhail ghnó) i bpróiseas bliantúil agus seiceálann siad go bhfuil na bainc in ann na rioscaí sin a bhainistiú go cuí. Is iad aschuir an phróisis ná measúnú riosca foirmiúil agus cinntí maoirseachta bliantúla. Forchuireann siad ceanglais chaipitil bhreise ar bhainc (ar a dtugtar ceanglais cholún 2) a théann níos faide ná an t-íosmhéid rialála (ar a dtugtar ceanglais cholún 1) chun na rioscaí sin nach bhfuil san áireamh le colún 1 a chlúdach nó forchuireann siad bearta maoirseachta a áirithíonn go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach á dhéanamh ag na bainc chun feabhas a chur ar bhainistiú agus rialú a rioscaí, nó forchuireann siad an dá cheann acu sin.

III Ceann de na príomhfhoinsí don riosca stuamachta do na bainc is ea riosca creidmheasa, go háirithe iasachtaithe nach n-íocann a gcuid iasachtaí ar ais, agus dá réir sin go dtagann na hiasachtaí sin chun bheith neamhthuillmheach. Tá tearcscholáthar in ann a bheith ina bhagairt ar inmharthanacht na mbanc mar a léiríodh i ngéarchéimeanna roimhe seo. Thug BCE foláireamh le déanaí go bhfuil an t-ionchas do na bainc ag dul in olcas, de réir mar atá na hionchais eacnamaíocha ag lagú agus go bhfuil an riosca creidmheasa ag méadú.

IV Tá sé ríthábhachtach d'inmharthanacht na mbanc go ndéanfaidh BCE bainistiú fónta agus clúdach rioscaí creidmheasa a áirithiú, ach ní hamháin sin ach tá sé ríthábhachtach freisin go mbeidh na bainc in ann iasachtaí neamhthuillmheacha a shainaithint go tráthúil agus soláthar a dhéanamh dóibh. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé go mbeadh iontaoibh in earnáil na baincéireachta agus go ndéanfaí geallsealbhóirí a chur ar an eolas, chinneamar an t-iniúchadh seo a dhéanamh ina ndearnamar measúnú féachaint an raibh cur chuige BCE i leith na maoirseachta ar rioscaí creidmheasa i mbainc agus ó thaobh dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha oidhreachta (a bhí aicmithe amhlaidh roimh Aibreán 2018) éifeachtúil ó thaobh oibríochta de. Dhíríomar isteach ar ghníomhaíocht BCE i dtimthriall maoirseachta 2021, ag tógáil sampla de 10 mbanc a raibh sé sainaitheanta ina leith go raibh iasachtaí neamhthuillmheacha ina ndúshlán acu.

V Is í an chonclúid fhoriomlán atá againn ná gur chuir BCE dlús lena iarrachtaí maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na mbanc, agus go háirithe ar iasachtaí neamhthuillmheacha. Caithfear níos mó a dhéanamh, áfach, chun go mbeidh BCE in ann dearbhú méadaithe a fháil go bhfuil an riosca creidmheasa á bhainistiú agus á chlúdach go cuí.

VI Cé is moite de roinnt easnamh, bhí na measúnuithe ar **leibhéal riosca creidmheasa agus ar thimpeallacht rialaithe na mbanc** inár sampla ar ardchaighdeán agus bhí úsáid chuí á baint as uirlisí tagarmharcála. I gcomhthéacs an Phróisis Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta, bhain BCE úsáid neamhéifeachtúil as na huirlisí agus na cumhachtaí maoirseachta atá aige cheana chun clúdach iomchuí riosca creidmheasa a áirithiú.

VII Maidir leis an modheolaíocht, a cuireadh i bhfeidhm as an nua in 2021, atá ann chun a chinneadh cad iad na ceanglais chaipitil bhreise (colún 2) atá le forchur ag BCE mar údarás maoirseachta, níor thug sí sin dearbhú go raibh rioscaí aonair éagsúla na mbanc clúdaithe go hiomchuí. Thairis sin, níor chuir BCE a mhodheolaíocht i bhfeidhm go comhsheasmhach: ní dhearna sé ceanglais cholún 2 a fhorchur ar leibhéal níos airde ar bhonn cionmhar de réir mar ab airde na rioscaí a bhí ann do bhanc. Níl measúnú déanta ag an Údarás Baincéireachta Eorpach ar chur i bhfeidhm mhodheolaíocht nua BCE.

VIII Ní dhearna BCE céim-mhéadú ina chuid bearta maoirseachta do chuid de na bainc fiú nuair a bhí riosca creidmheasa ard agus marthanach ann mar aon le laigí rialaithe dianseasmhacha. Mhair an timthriall maoirseachta achar an-fhada in 2021 (13 mhí). Níor eisíodh na cinntí deiridh do na bainc go dtí mí Feabhra 2022, go príomha mar gheall ar chéim fhada idirphlé agus formheasa. Tugann ré fhada den sórt sin le tuiscint go bhfuil an baol ann nach mbíonn próifílí riosca iarbhír na mbanc á léiriú i measúnuithe BCE.

IX Ar deireadh, bhí an mhaoirseacht síos leis go pointe áirithe mar gheall nár sheas roinnt maoirseoirí náisiúnta go hiomlán leis na gealltanais a thug siad ó thaobh acmhainní foirne a chur ar fáil. Chinn BCE freisin gan an méid daoine a bhíonn ag gabháil dá fheidhm mhaoirseachta a mhéadú ó 2023 ar aghaidh.

X Maidir le **hiasachtaí neamhthuillmheacha oidhreachta**, thosaigh a méid fhoriomlán ag laghdú ó 2015 agus choinnigh sé sin air ag tarlú mar thoradh ar roinnt tosca, a raibh gníomhaíochtaí BCE ina measc. Níor bhain BCE úsáid chórasach as na cumhachtaí maoirseachta sonracha atá aige (an chumhacht atá aige a éileamh go mbeadh beartas

soláthair ar leith ann nó coigeartuithe a dhéanamh ar ríomhanna cistí dílse) chun treoir a thabhairt do bhainc aghaidh a thabhairt ar chásanna inar measadh nach raibh an cur chuige cuntasaíochta stuama ó thaobh maoirseachta de. In 2018, thogair BCE a rá leis na bainc go dtabharfadh sé ceanglas caipitil breise dóibh (forlíontán cholún 2) mura dtabharfaí aghaidh ar iasachtaí neamhthuillmheacha den sórt sin. Bhí an cur chuige a ghlac BCE, a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na bainc go léir, dírithe ar iasachtaí neamhthuillmheacha oidhreachta a réiteach go tráthúil.

XI Theastaigh ó BCE an cur chuige 'fan go bhfeicfimid' a bhí ag go leor de na bainc a dhíspreagadh agus theastaigh uaidh iad a dhreasú chun gníomhú go réamhghníomhach, gan gá a bheith le hidirghabháil níos láidre ó BCE (i.e. forlíontán breise cholún 2). Bhí cur chuige BCE leagtha amach ar shlí nach réiteodh sé an tsaincheist d'aon iarraidh amháin, mar gur thug sé blianta do na bainc don chomhlíonadh. Thairis sin, níor ghníomhaigh gach banc go réamhghníomhach ar an gcaoi a raibh BCE ag dréim leis. Toradh eile a bhí ar an gcur chuige a roghnaigh BCE ná nár déileáladh go comhionann leis na bainc, ós rud é gur tugadh níos mó ama do na bainc a raibh sciar níos airde d'iasachtaí neamhthuillmheacha acu ná mar a tugadh do na bainc eile, agus d'fhéadfadh bainc cur chuige clúdaigh a roghnú a thabharfadh an buntáiste is mó dóibh féin. Fuaireamar gur fhág an próiseas go raibh neamhéifeachtúlacht áirithe ann ós rud é go raibh sé dian ar acmhainní riar a dhéanamh ar bhainc agus ar BCE ag an am céanna.

XII Chun éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú, molaimid gur cheart do BCE an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Measúnuithe riosca na mbanc a neartú;

— An próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta a shruthlíniú;

— Bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm a bheidh in ann clúdach agus bainistiú fónta rioscaí ag na bainc a áirithiú ar bhealach níos fearr.

Réamhrá

Maoirseacht stuamachta ar bhainc ag an mBanc Ceannais Eorpach

01 Déantar maoirseacht ar bhainc san Aontas Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM) a bunaíodh in 2014. Tá SAM, colún amháin den Aontas Baincéireachta, comhdhéanta den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) ina ról mar mhaoirseoir agus de na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) sna Ballstáit rannpháirteacha. Is iad sin 20 Bhallstát an limistéir euro agus, ó 2020, an Bhulgáir. I mí Mheán Fómhair 2022, rinne BCE maoirseacht dhíreach ar 110 institiúid shuntasacha (dá ngairtear 'bainc' anseo ina dhiaidh seo) a shealbhaíonn beagnach 82 % de na sócmhainní baincéireachta san Aontas Baincéireachta[1]. Is le Rialachán SAM agus le Creat-Rialachán SAM a rialaítear SAM den chuid is mó.

02 Déantar an mhaoirseacht ar bhaincéireacht san Aontas i gcomhréir le próiseas comhchoiteann bliantúil, ar a dtugtar an Próiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREP), agus tá sé ceaptha a áirithiú go gcomhlíonann na bainc ceanglais stuamachta an Aontais. Sna treoirlínte atá eisithe ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), sonraítear an chaoi a bhfuil SREP le déanamh. I gcomhréir leis an bprionsabal 'comhlíon nó mínigh'[2], bíonn ar BCE chomh maith leis na ÚINanna a chur in iúl do ÚBE an bhfuil siad ag comhlíonadh na dtreoirlínte nó nach bhfuil agus, mura bhfuil siad á gcomhlíonadh, caithfidh siad na cúiseanna leis sin a lua. Is ann do na ceanglais sin chun sábháilteacht agus fóntachas chóras baincéireachta na hEorpa a áirithiú agus chun comhtháthú agus cobhsaíocht airgeadais a mhéadú. Tá comhfhoirne maoirseachta (JSTanna) ann chun an mhaoirseacht ó lá go lá a dhéanamh. Tá na comhfhoirne sin comhdhéanta de dhaoine d'fhoireann BCE agus de dhaoine d'fhoireann na ÚINanna, agus is ar BCE, lena n-áirítear a chuid feidhmeanna cothrománacha, atá an cúram ó thaobh comhordú a gcuid oibre agus tacaíocht a thabhairt dóibh san obair sin. In 2021, is é €577.5 milliún a bhí sa chaiteachas riaracháin ar chúraimí maoirseachta BCE[3].

03 Úsáidtear SREP chun a chinntiú go bhfuil an iontaoibh sna bainc inchosanta. Gan iontaoibh i bhfóntachas córais baincéireachta, ní féidir leis na bainc a ról a imirt ó

---

[1] Suíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh, Maoirseacht ar Bhaincéireacht.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (Airteagal 16).

[3] Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta 2021 ó BCE, Roinn 6.1.

thaobh iasachtaí a thabhairt don fhíorgheilleagar mar nach mbeadh na meáin atá riachtanach chuige sin acu. Tá an ról sin thar a bheith tábhachtach san Aontas, áit nach bhfuil rochtain ar mhargaí caipitil ag formhór na bhfiontar beag agus meánmhéide, a dtuigtear go coitianta gurb iad cnámh droma na ngeilleagar iad. Ar cheann de na nithe a bhí ina spreagadh le haghaidh an Aontais Baincéireachta agus chruthú SAM, bhí saoránaigh an Aontais a chur ar a suaimhneas ó thaobh muinín a bheith acu as a gcuid banc.

04 Tugadh coincheap SREP isteach den chéad uair le comhaontuithe Basel II in 2004. Rinne BCE a chéad SREP in 2014 bunaithe ar chuir chuige náisiúnta. Mar chomhlánú ar na chéad chinntí SREP sin, bhí torthaí sheiceáil sláinte 2014 a rinne BCE ar a dtugtar an 'measúnú cuimsitheach'. Aon bhanc a thagann isteach faoi mhaoirseacht BCE, bíonn orthu dul faoin measúnú sin. Mar chuid de sin, tá athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht sócmhainní chun trédhearcacht a fheabhsú maidir le neamhchosaintí na mbanc, lena n-áirítear maidir le leordhóthanacht luachálacha sócmhainní agus comhthaobhachta agus soláthairtí gaolmhara, go háirithe a mhéid a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha (INTanna). Maidir leis an dara SREP a rinneadh in 2015, bhí sé sin bunaithe, den chéad uair riamh, ar chur chuige coiteann. Ba chéim thábhachtach é sin i dtreo machaire réidh a bhaint amach laistigh den Aontas Baincéireachta.

05 Is iad na maoirseoirí a reáchtálann SREP chun a fhíorú go ndéantar na rioscaí a bhfuil na bainc neamhchosanta orthu a bhainistiú agus a chlúdach go cuí trí mhaoláin chaipitil leordhóthanacha a bheith ann i gcás ina dtiocfadh na rioscaí sin chun fíre. Mar chuid den phróiseas, féachann maoirseoirí ar phróifíl riosca bainc bunaithe ar cheithre ghné éagsúla: (i) an tsamhail ghnó, (ii) rialachas, (iii) rioscaí don chaipiteal agus (iv) rioscaí don leachtacht. Tá riosca creidmheasa ar cheann de na rioscaí a ndéanann maoirseoirí anailís orthu mar chuid dá measúnú ar rioscaí atá ann don chaipiteal.

06 Sannann na maoirseoirí scóir i gcás rioscaí aonair a thugtar le chéile ansin go dtí go bhfaightear scór foriomlán SREP ó 1 go 4, a léiríonn an measúnú maoirseachta ar an leibhéal riosca agus cáilíocht rialuithe riosca bainc. Dá airde an scór is mó an riosca atá measúnaithe.

07 Is é an toradh a bhíonn ar SREP ná go ndéantar gníomhaíochtaí maoirseachta a chinneadh i ndiaidh an mheasúnaithe, lena n-áirítear bearta a bhaineann le caipiteal agus/nó leachtacht nó cineálacha eile de bhearta maoirseachta (féach ***Fíor 1***).

Fíor 1 – Measúnú foriomlán SREP

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó BCE.

08 I Rialachán SAM, a bhfuil feidhm aige maidir le BCE (mar mhaoirseoir), leagtar amach liosta nach bhfuil uileghabhálach de na bearta maoirseachta a d'fhéadfadh BCE a dhéanamh. Is féidir le BCE, mar shampla, a cheangal ar bhainc a socruithe, a bpróisis agus a straitéisí a threisiú nó caipiteal breise a shealbhú, go háirithe an ceanglas dá ngairtear ceanglas cholún 2 (P2R), de bhreis ar na cistí dílse rialála íosta atá ann. Tá na cistí dílse rialála íosta sin sainithe i gcolún 1 de Chreat Basel III (i.e. an creat rialála idirnáisiúnta do bhainc), féach ***Fíor 2***. Rinne an tAontas Creat Basel III a thrasuí leis an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil[4] agus leis an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil[5].

[4] An Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil.

[5] Treoir 2013/36/AE.

09 Tá trí chomhpháirt caipitil ann atá le húsáid chun na ceanglais rialála a chomhlíonadh (féach ***Fíor 2***): Gnáthchothromas Leibhéal 1 (CET 1), Caipiteal Breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Is é CET 1 an caipiteal den cháilíocht is airde agus áirítear leis, i measc nithe eile, scaireanna agus tuilleamh coimeádta. Má dhéantar a cheanglais chaipitil a shárú, bíonn impleachtaí ann do bhanc, mar shampla d'fhéadfaí srianta a chur ar an mbanc ó thaobh na bhféidearthachtaí a bheadh aige chun díbhinní a íoc.

Fíor 2 – Ceanglais chaipitil rialála



Foinse: CIE.

Riosca creidmheasa agus iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas Eorpach

10 Nuair a dheonaíonn bainc iasachtaí, bíonn an baol i gcónaí ann nach mbeidh na hiasachtaithe in ann a gcuid iasachtaí a íoc ar ais. Is í an sprioc atá le bainistiú riosca creidmheasa ná teorainn a chur leis an riosca sin trí mheasúnú cúramach a dhéanamh ar an acmhainneacht chreidmheasa atá ag iasachtaithe ionchasacha agus trí ús a bhailiú atá ard go leor chun na rioscaí don bhanc a ghabhann le mainneachtain na n-iasachtaithe a chlúdach. Nuair nach dócha go n-íocfaidh iasachtaí nó nuair a mhainníonn iasachtaí, mar gheall go bhfuil íocaíochtaí sceidealta níos mó ná 90 lá thar téarma, is iasacht neamhthuillmheach atá ansin. De réir na gcaighdeán cuntasaíochta, bíonn ar bhainc soláthair do INTanna den sórt sin a mharcáil sna leabhair chun go gclúdófaí méid na hiasachta iomláine atá gan íoc lúide aon íocaíochtaí ar féidir leo, bunaithe ar thaithí roimhe sin, a bheith ag dréim le réasún go bhfaighidh siad iad (i) ón iasachtaí a mhainnigh nó (ii) tríd an gcomhthaobhacht a aisghabháil.

11 Is féidir le sciar ard de INTanna den sórt sin i gcomhréir leis na hiasachtaí foriomlána (an cóimheas INTanna) a bheith ina ualach ar fheidhmíocht bainc, i.e. a bhrabúsacht, agus d'fhéadfadh sé fiú go bhfágfadh sé an banc neamh-inmharthana, go háirithe mura bhfuil sé d'acmhainn aige soláthar leormhaith a dhéanamh dóibh. Caithfidh banc bainistiú riosca fónta a bheith aige (lena n-áirítear caighdeáin láidre iasachtaithe, corrlaigh iasachtaithe atá ard go leor chun costas na gcaillteanas a chlúdach, agus tástáil struis) mar gur rud lárnach é sin ó thaobh carnadh INTanna a chosc nó a mhaolú. Go deimhin, i gcás dálaí eacnamaíocha a bheith ag dul in olcas nó i gcás ina dtiteann praghsanna tithe go tobann mar nach féidir leo fanacht ar an gcostas ard a bhí leo, is fearr is féidir le banc a bhainistítear go fónta an buille dosheachanta ar mhórardú sna leibhéil INTanna a mhaolú.

12 Ceann de na rudaí a tháinig le hoidhreacht as géarchéim airgeadais 2008 ná na leibhéil arda INTanna a bhí mar ualach ar bhainc áirithe san Aontas Baincéireachta: faoi dheireadh 2015, bhí an meánchóimheas INTanna fós ard agus é ag os cionn 7 % (féach ***Fíor 3***), agus bhí córais bhaincéireachta ag 5 as na 20 Ballstát (féach mír ***01***) leis na cóimheasa INT os cionn 10 % (féach ***Fíor 4***).

Fíor 3 – Cóimheas INTanna don 21 chomhalta den Aontas Baincéireachta



Foinse: Staidreamh maoirseachta baincéireachta BCE (R1 2022, cóimheas INTanna do thíortha SAM).

Fíor 4 – Éabhlóid INTanna (in euro agus mar chóimheas le gach sócmhainn do bhainc SAM)



Nóta: Níl sonraí inchomparáide ar fáil le haghaidh EE, SK. Sonraí túsphointe le haghaidh 2015R4 (LU), 2016R2 (MT), 2016R1 (SI); sonraí an phointe deiridh le haghaidh 2021R3 (LV).

Foinse: Staidreamh maoirseachta baincéireachta BCE.

13 Bhí sé ina thosaíocht bheartais laistigh den Aontas dul i ngleic le INTanna, agus ar an 11 Iúil 2017 d'eisigh an Chomhairle conclúidí maidir le Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na leibhéil arda INTanna. Sna conclúidí sin, leag an Chomhairle béim ar na nithe seo a leanas: an gá atá le gníomhaíocht maidir le maoirseacht ar bhainc; athchóiriú creataí dócmhainneachta agus aisghabhála fiach; forbairt margaí tánaisteacha le haghaidh INTanna; agus athstruchtúrú an tionscail baincéireachta. Ar cheann de na príomhchéimeanna chun an tríú colún den Aontas Baincéireachta a chur chun cinn, tá Córas Eorpach Árachais Taiscí ag tabhairt aghaidh ar fhadhb na INTanna arda. Is é atá mar aidhm ag tabhairt chun críche an Aontais Baincéireachta ná ilroinnt na hearnála baincéireachta san Aontas a laghdú agus timpeallacht iomaíoch chothrom a áirithiú do na bainc.

14 Is gníomhaí ríthábhachtach sna hiarrachtaí sin é BCE. Ionas nach gclisfeadh ar bhainc mar gheall ar riosca creidmheasa nach bhfuil á bhainistiú ná á chlúdach go cuí, ba cheart go n-áiritheodh BCE go dtabharfadh bainc aghaidh ar a n-easnaimh ar bhonn tráthúil a mhéid a bhaineann le bainistiú riosca creidmheasa (amhail caighdeáin laga san iasachtú) agus a mhéid a bhaineann le beartais chuntasaíochta ghaolmhara (INTanna a shainaithint agus soláthar dóibh).

15 Faoin tríú ráithe de 2022, bhí an cóimheas INTanna tite go dtí 1.8 % san Aontas Baincéireachta. Sin titim shuntasach i gcomparáid le 2015. Tá laghdú as cuimse tagtha ar an scaipeadh ar fud na mBallstát (cé go bhfuil sé fós ard). Is ann don treocht íslitheach sin, go pointe áirithe, mar gheall ar (i) laghduithe ar INTanna mar gheall ar dhálaí eacnamaíocha feabhsaithe; (ii) iasachtaí faoi bhearta tacaíochta poiblí atá ag dul in éag nó atá dlite a dhul in éag; agus (iii) díolacháin agus urrúsuithe (aistrithe chuig úinéirí nua) i gcás INTanna oidhreachta. D'fhéadfadh INTanna nua teacht chun cinn de réir mar a thagann deireadh le bearta tacaíochta a bhaineann le COVID-19 agus mar gheall ar dhúshláin eacnamaíocha ón gcogadh san Úcráin agus mar gheall ar chumasc ard boilscithe. Go deimhin, thug BCE foláireamh le déanaí go bhfuil méadú ar an riosca creidmheasa ag tarlú agus go léiríonn titim i scairphraghsanna na mbanc go dtiocfaidh meath ar an ionchas ina gcás sin.

Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

16 Ós rud é gur féidir le INTanna a bheith ina mbagairt mhór ar inmharthanacht bainc, agus d'fhonn cobhsaíocht airgeadais a choimirciú, tá sé ríthábhachtach go mbainfidh maoirseoirí úsáid éifeachtúil as a gcumhachtaí maoirseachta, agus tá sé sin ag éirí níos tábhachtaí fós leis na dálaí dúshlánacha eacnamaíocha atá faoi láthair ann. Go sonrach maidir le riosca creidmheasa, ba cheart do na maoirseoirí a áirithiú go ndéanfar rioscaí creidmheasa a bhainistiú agus a chlúdach ar bhealach fónta, lena n-áirítear go mbeadh na bainc in ann INTanna nua a shainaithint go tráthúil, agus soláthar a dhéanamh dóibh, trí SREP críochnúil agus mionsonraithe.

17 Go deimhin, is tosaíocht mhaoirseachta de chuid BCE é riosca creidmheasa ó bunaíodh SAM. Dá bhrí sin, chinneamar an t-iniúchadh seo a dhéanamh chun léargas a thabhairt ar mhaoirseacht BCE ar an riosca creidmheasa i gcoitinne agus, go sonrach, ar iasachtaí neamhthuillmheacha.

18 Tá an tuarascáil seo ina comhlánú ar na tuarascálacha a d'fhoilsíomar ar ghníomhaíochtaí maoirseachta BCE in 2016[6] agus 2018[7]. Tá an obair leantach de dhroim Thuarascáil speisialta 2016 leagtha amach in ***Iarscríbhinn I***. Tá cuntas ar ár sainordú chun iniúchadh a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht BCE le fáil sa téacs dlíthiúil ábhartha[8]. In 2019, shínigh CIE agus BCE meabhrán tuisceana inar sonraíodh na socruithe praiticiúla maidir le malartú doiciméad agus faisnéise. Fuaireamar rochtain iomlán ar na doiciméid a d'iarramar agus comhoibriú iomlán ó fhoireann BCE le linn an phróisis.

19 Thairbhigh ár gcuid oibre den idirphlé oscailte agus cuiditheach a bhí againn le BCE agus lena fhoireann. Léiríonn foilseacháin BCE maidir le maoirseacht go bhfuil sé ag bogadh i dtreo níos mó trédhearcachta (mar shampla in 2020, d'fhoilsigh sé, den chéad uair riamh, ceanglais cholún 2 do gach banc). Tá sé sin ag cur feabhas ar an

---

[6] Tuarascáil speisialta 29/2016: 'An Sásra Aonair Maoirseachta – Tús maith déanta ach feabhsuithe breise de dhíth'.

[7] Tuarascáil speisialta 02/2018: 'Éifeachtúlacht oibríochtúil maidir le bainistíocht ghéarchéime BCE do bhainc'.

[8] Airteagal 27.2 den Phrótacal (Uimh. 4) maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus BCE agus Airteagal 20(7) de Rialachán SAM.

smacht margaidh, an tríú colún de chreat Basel maidir le maoirseacht, chomh maith lena chuntasacht féin.

20 Go sonrach, scrúdaíodh san iniúchadh an raibh cur chuige BCE maidir le maoirseacht ar riosca creidmheasa i mbainc agus maidir le haghaidh a thabhairt ar INTanna oidhreachta (a shainmhínítear mar na hiasachtaí sin a bhí ann roimh 2018) éifeachtúil ó thaobh oibríochta de. Chuige sin, rinneamar measúnú ar an ngaol idir acmhainní a úsáideadh (i.e. foireann, uirlisí agus próisis) agus aschuir a mhéid a bhain leis na ceisteanna seo a leanas:

- An raibh cur chuige BCE maidir le maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa éifeachtúil ina áirithiú go raibh an riosca sin á chlúdach agus á bhainistiú ar bhealach fónta ag na bainc?

- An raibh BCE éifeachtúil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ábhair imní stuamachta i ndáil le INTanna oidhreachta (i.e. iad sin atá ann ó roimh 2018)?

21 Dhírigh an t-iniúchadh ar ghníomhaíochtaí maoirseachta BCE i ndáil le riosca creidmheasa go príomha le linn thimthriall SREP 2021, ach i gcásanna áirithe freisin ar ghníomhaíochtaí a rinneadh roimhe sin. Rinneamar iniúchadh ar ghníomhaíochtaí stiúrthóireachtaí cothrománacha BCE ar a bhfuil an fhreagracht as modheolaíocht mhaoirseachta agus as cigireachtaí ar an láthair, chomh maith leis na stiúrthóireachtaí ar a bhfuil an fhreagracht dhíreach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainc shonracha.

22 Chuireamar agallamh ar dhaoine den fhoireann i JSTanna éagsúla (lena n-áirítear daoine den fhoireann as BCE agus as ÚINanna) agus ar dhaoine den fhoireann atá ag obair i bhfeidhmeanna cothrománacha BCE. Rinneamar scrúdú ar dhoiciméadacht ábhartha a bhain le córais BCE agus rinneamar anailís ar phobal iomlán na mbanc. Chun an dá cheist iniúchóireachta a fhreagairt, rinneamar scrúdú freisin ar chomhaid mhaoirseachta i sampla de 10 mbanc ina bhfuil leibhéil arda INTanna. Sa sampla sin de bhainc, bhí sé d'aidhm againn bainc a bhfuil samhlacha éagsúla gnó acu a chur san áireamh, idir bheag agus mhór, chomh maith le bainc ó roinnt Ballstát éagsúla. Chun léargas a fháil ó réimse geallsealbhóirí chuireamar agallamh ar ghrúpa tionscail agus ar mhaoirseoir AE ó lasmuigh den Aontas Baincéireachta.

Barúlacha

Tá measúnuithe BCE ar riosca creidmheasa de cháilíocht mhaith, ach ní bhaineann sé úsáid éifeachtúil as a chuid uirlisí chun bainistiú agus clúdach fónta ar riosca creidmheasa a áirithiú

23 Is príomhghníomhaíocht de chuid an mhaoirseora é an SREP bliantúil. Déantar na measúnuithe ar rioscaí gach bainc faoi mhaoirseacht (féach ***Fíor 1***) lasmuigh den láthair, ach déantar measúnú ar an láthair freisin má mheastar gur gá sin. Tá siad bunaithe ar réimse leathan faisnéise de nádúr cainníochtúil agus cáilíochtúil. Chun measúnú comhsheasmhach ar fud na mbanc a áirithiú, ba cheart do JSTanna, de réir na gcaighdeán ábhartha (féach míreanna ***01***-***02***), gach banc a chur i gcomparáid le bainc eile (tagarmharcáil) agus an comhthéacs ábhartha a chur san áireamh nuair a bhíonn a measúnuithe ar riosca creidmheasa á ndéanamh acu.

24 Tugtar achoimre ar an measúnú le haghaidh bainc i mbliain ar leith sa chinneadh SREP, a chuireann an maoirseoir chuig an mbanc (féach mír ***07***). Go ginearálta, luaitear sa chinneadh cad iad na bearta atá ar na bainc a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí sonracha atá sainaitheanta. Maidir le riosca creidmheasa go sonrach, d'fhéadfadh na bearta a cheangal ar na bainc caipiteal breise a bheith acu chun rioscaí a chlúdach agus/nó chun easnaimh i rialuithe riosca creidmheasa agus/nó i mbainistiú riosca creidmheasa a leigheas nó a mhaolú.

25 Sa roinn seo, déanaimid measúnú ar a éifeachtúla atá BCE i gcur chun feidhme an phróisis sin le haghaidh riosca creidmheasa, i.e. an gaol idir acmhainní a úsáidtear agus aschuir a thugtar i gcrích i dtéarmaí cainníochta, cáilíochta agus uainiúcháin. Go sonrach, rinneamar measúnú féachaint:

(a) an raibh measúnú BCE ar riosca creidmheasa na mbanc cuimsitheach;

(b) an ndearnadh na hacmhainní foirne a bhí leithdháilte a ailíniú le rioscaí sainaitheanta;

(c) an raibh an próiseas chun cinntí SREP a ghlacadh tráthúil;

(d) ar áirithigh BCE go raibh na rioscaí a shainaithin sé clúdaithe ag an gcaipiteal; agus

(e) ar bhain BCE úsáid éifeachtúil as a chuid uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar laigí a sainaithníodh ar leibhéal na mbanc.

Tá roinnt easnamh i measúnuithe maoirseachta BCE ar riosca creidmheasa na mbanc, ach tá na measúnuithe sin ar ardcháilíocht go ginearálta

26 Is éard atá sa mheasúnú riosca creidmheasa a dhéanann JST ná measúnú (as a dtugtar scór) ar an leibhéal riosca creidmheasa atá os comhair bainc agus ar an gcaoi a rialaíonn an banc an riosca sin e.g. trí shocruithe rialachais (féach ***Fíor 5***). Is í an chéad chéim den mheasúnú ar leibhéal riosca tar éis na sonraí a bhailiú ná scóir uathoibrithe a bheith ann do gach banc bunaithe ar tháscairí riosca. Is féidir le JSTanna imeacht ó na scóir uathoibrithe sin go pointe áirithe mar gur féidir leo an scór a íosghrádú dhá eang nó é a ardú eang amháin chun sainiúlacht agus castacht institiúide a chur san áireamh. Tugtar breithiúnas srianta air sin, agus tarlaíonn sé i gcéim 3.

Fíor 5 – Céim mheasúnaithe SREP

Foinse: CIE, bunaithe ar Lámhleabhar SREP ó BCE.

27 Tá na measúnuithe rialaithe riosca bunaithe ar sheicliostaí trína scrúdaíonn JSTanna an bhfuil na bainc ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil (céim 2), agus déantar é sin a fhorlíonadh le measúnú níos mionsonraithe (céim 3). Tá sé sin ceaptha deis a thabhairt dóibh sainiúlacht agus castacht bhainc a chur san áireamh agus, ag an am céanna, comhsheasmhacht idir breithiúnais mhaoirseachta laistigh de SAM a áirithiú.

28 Rinneamar scrúdú ar mheasúnuithe riosca creidmheasa faoi threoir ár sampla de 10 mbanc (féach mír ***22***). Rinneamar anailís féachaint:

- ar thiontaigh BCE na caighdeáin sheachtracha (treoirlínte SREP ó ÚBE agus Treoirlínte ÚBE maidir le bainistiú INTanna agus neamhchosaintí staonta) go treoraíocht do JSTanna chun maoirseacht chomhsheasmhach lasmuigh den láthair a áirithiú ar riosca creidmheasa (lena n-áirítear an chaoi a ndéanann na bainc INTanna a bhainistiú);

- ar chuir JSTanna an treoraíocht i bhfeidhm i gceart;

- ar bhain BCE úsáid mhaith as uirlisí tagarmharcála do na bainc.

29 Go ginearálta, fuaireamar gur thiontaigh BCE na caighdeáin sheachtracha go treoraíocht oibríochtúil do JSTanna, go príomha trína Lámhleabhar SREP. Sa Lámhleabhar sin, tá treoracha sonracha faoi na measúnuithe a chaitear a dhéanamh do na bainc le haghaidh gach ceann d'eilimintí SREP. Tugaimid ar aire go bhfuil measúnuithe maoirseachta bunaithe ar scóir uathoibrithe, arna gcoigeartú ag JSTanna nuair is gá. Mar sin féin, níor shainigh BCE critéir oibiachtúla maidir le feidhmiú an bhreithiúnais shrianta ag JSTanna (féach mír ***26***). Go deimhin, ní raibh ann ach liosta de na tosca a d'fhéadfadh JSTanna a chur san áireamh agus níor tugadh treoracha faoin gcaoi leis sin a dhéanamh chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na JSTanna.

30 Rinne na JSTanna de réir fhormhór na gceanglas a eascraíonn as na caighdeáin ábhartha inár sampla de bhainc nuair a bhí a gcuid measúnuithe SREP á gcur i gcrích acu. Mar sin féin, shainaithníomar easnaimh áirithe i gcur chun feidhme SREP atá leagtha amach sna míreanna seo ina dhiaidh seo.

31 Don mheasúnú ar an **leibhéal riosca creidmheasa** (céim 3), fuaireamar i gcás gach ceann den 10 mbanc inár sampla nach ndearna BCE measúnú, nó nach ndearna sé measúnú iomlán, ar ghnéithe áirithe i gcomhréir le treoirlínte ábhartha ÚBE (féach mír ***28***). Áirítear orthu sin, mar shampla, i gcás roinnt banc, gan measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na n-iasachtaí tuillmheacha agus ar ábharthacht iasachtaí neamhthuillmheacha in aghaidh na punainne, nó an measúnú a rinneadh a bheith neamhiomlán. Cé go bhfuair leath na mbanc lena mbaineann a bhí inár sampla an scór is measa ab fhéidir den leibhéal riosca ar aon chaoi i.e. scór 4, tugann measúnaithe neamhiomlána le tuiscint mar sin féin nach féidir bainistiú agus clúdach fónta ar rioscaí a áirithiú go hiomlán.

32 I gcás an mheasúnaithe ar **rialú riosca creidmheasa**, fuaireamar an méid seo a leanas:

- ní raibh an treoraíocht ó BCE do JSTanna i dtaobh na gceisteanna (an seicliosta do chéim 2 a bhfuil léargas air i ***bhFíor 5***) a bhí le freagairt comhsheasmhach. Maidir le treoracha soiléire a thabhairt faoin an raibh ceisteanna tábhachtacha (mar shampla an raibh beartais agus nósanna imeachta aicmithe INT ailínithe leis na ceanglais dhlíthiúla) le freagairt nó nach raibh, níor tugadh iad ach do JSTanna a bhí ag clúdach 22 bhanc shonracha as an 110 banc a bhí clúdaithe ag SREP in 2021, a raibh péire díobh sin inár sampla. D'fhág sé sin gur lagaíodh comhsheasmhacht an phróisis measúnaithe ar fud phobal na mbanc faoi mhaoirseacht;

- in 2021, is ar bhonn roghnach den chuid is mó a bhí ceisteanna maidir le measúnú rialta riosca chéim 3 le freagairt ag JSTanna. Ina ionad sin, bhí BCE ag dréim leis go ndéanfadh na bainc féinmheasúnú ar a gcreataí rialaithe riosca creidmheasa. Rinne na JSTanna measúnú orthu agus úsáideadh an fhaisnéis le haghaidh na measúnuithe riosca creidmheasa. Bhí ceisteanna áirithe ó ghnáthmheasúnú riosca chéim 3, áfach, nach raibh clúdaithe i bhféinmheasúnuithe na mbanc. Thairis sin, mar gheall ar nádúr roghnach an ghnáth-sheicliosta do chéim 3, ní fhéadfadh BCE comhsheasmhacht na measúnuithe a fhíorú.

33 Fuaireamar gur thug JSTanna scóir rialaithe riosca de 2 nó 3 (níos fearr ná an scór is measa de 4) do thrí bhanc (as ár sampla de 10), cé go raibh a gcuid measúnuithe ar an timpeallacht rialaithe riosca neamhiomlán (féach mír ***32***). D'fhéadfadh tionchar iartheachtach ar na bearta maoirseachta a bheith ag scór rialaithe riosca atá dearfach (féach mír ***07***).

34 Chun a áirithiú go ndéantar **tagarmharcáil** iomchuí ar bhainc, tá raon cuimsitheach uirlisí léirshamhlaithe agus comparáide ag BCE. Ligeann sé seo do JSTanna a fháil amach conas atá a mbanc ag déanamh i gcomparáid le bainc eile bunaithe ar raon forleathan príomhtháscairí riosca. Sna measúnuithe SREP a scrúdaíomar le haghaidh na mbanc inár sampla, fuaireamar, tríd is tríd, gur bhain JSTanna úsáid mhaith as na huirlisí tagarmharcála sin.

35 Tá roinnt easnamh ann, áfach, maidir leis an gcaoi a ndéantar na huirlisí tagarmharcála a chalabrú. Go sonrach, déantar scór uathoibrithe leibhéal riosca chéim 2 (féach mír ***26***) a chalabrú de réir tairseacha atá as dáta, agus cruthaíonn sé sin laofacht dhearfach fiú de réir anailís inmheánach BCE. Fuaireamar go ndearna JSTanna

coigeartuithe córasacha chun an laofacht a chúiteamh trí na scóir a íosghrádú ag céim an bhreithiúnais shrianta.

36 Is uirlisí neamhspleácha, den chuid is mó, iad na huirlisí tagarmharcála. Níl siad comhtháite go maith leis na hionchais do na JSTanna faoi mar a leagtar amach i Lámhleabhar SREP, ná leis an uirlis TF a úsáideann JSTanna do mheasúnú cáilíochtúil SREP. Fágann sé sin go bhfuil ualach níos troime ag baint le hobair na JSTanna mar gheall go gcaitear cros-seiceáil a dhéanamh de lámh.

Tá leithdháiltí foirne ailínithe le rioscaí sainaitheanta, ach tá gannchion ann nár tugadh aghaidh go fóill air

37 Chuireamar romhainn a scrúdú an raibh acmhainní leithdháilte go héifeachtúil ag BCE ar JSTanna agus ar mhaoirseacht ar an láthair chun a áirithiú go bhfuil an iarracht mhaoirseachta ailínithe leis na rioscaí ábhartha.

38 Fuaireamar go bhfuil teicníc ag BCE (samhail na braisle) chun a chuid acmhainní a leithdháileadh ar JSTanna bunaithe ar mhéid, ar chastacht agus ar riosca na mbanc. Úsáidtear samhail na braisle freisin lena dhéanamh amach cé chomh dian atá an mhaoirseacht a dhéanann JSTanna agus iad i mbun maoirseachta ar bhainc ar bhonn athfhillteach. Tá sciar suntasach de na gníomhaíochtaí ann (42 %), áfach, nach mbíonn pleanáilte, amhail díolacháin sócmhainní nó cumaisc, agus a mbíonn ar JSTanna measúnú a dhéanamh orthu.

39 Fuaireamar inár sampla de bhainc gur féidir le hobair nach bhfuil pleanáilte (amhail measúnú ar dhíol iasachta nó urrúsú) tionchar a imirt ar obair SREP atá beartaithe. I bpéire de na bainc inár sampla, cuireadh moill ar anailís JSTanna ar fhéinmheasúnú na mbanc féin (féach mír ***32***, an dara pointe urchair) mar gheall ar thascanna eile nach raibh pleanáilte ach a bhí práinneach, cé go rabhthas in ann filleadh ar an obair sin ag tráth níos déanaí i dtimthriall SREP. Tá próiseas ag BCE chun riachtanais acmhainní sealadacha a líonadh, ach ní raibh sé éasca ag JSTanna poist a líonadh in am chun freastal ar éilimh an phoist.

40 Thairis sin, mar gheall ar athrú ar an bpróiseas in 2021, ní dhéanann BCE measúnú a thuilleadh féachaint an raibh na hacmhainní a leithdháileadh leordhóthanach chun tascanna sonracha a dhéanamh ar an gcaighdeán a chaitheann sé féin a bheith aige. Ciallaíonn sé sin gur lú atá BCE in ann riachtanais a nascadh le hacmhainní.

41 Bhreathnaíomar freisin ar an soláthar foirne le haghaidh gníomhaíochtaí ar an láthair, i.e. cigireachtaí ar an láthair agus imscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha:

- d'fhéadfadh JSTanna a mheas gur gá cigireacht ar an láthair a iarraidh chun, mar shampla, anailís dhomhain a dhéanamh ar rioscaí éagsúla nó ar chórais rialaithe inmheánaigh. Is foirne cigireachta tiomnaithe a dhéanann na cigireachtaí ar an láthair;

- déanann BCE imscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha na mbanc a úsáidtear chun ceanglais chaipitil a chinneadh, agus caitheann na samhlacha sin a bheith formheasta ag BCE.

42 Le bunú SAM, tugadh an fhreagracht do BCE as cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh le cúnamh ó na ÚINanna. I mí Aibreáin 2022, bhí an ardstiúrthóireacht in BCE ar a bhfuil freagracht as gníomhaíochtaí ar an láthair ag feidhmiú faoi bhun an leibhéil foirne a bhí formheasta di: bhí poist fholmha san ardstiúrthóireacht a bhí ag seasamh do 10 % d'iomlán na n-acmhainní foirne atá sannta (i.e. 149). Tarraingíodh aird roimhe seo ar ghannchion foirne i dTuarascáil 2016 maidir le cur ar bun SAM[9] uainn, agus laghdaíonn an gannchion sin cumas BCE ó thaobh gníomhaíochtaí ar an láthair a dhéanamh.

43 Fuaireamar, in 2021, nach bhféadfaí gach cigireacht tosaíochta a dhéanamh:

- cé go ndéanann BCE measúnú ar na hiarrataí ar chigireachtaí ar an láthair a fhaigheann sé ó JSTanna agus go gcinneann sé liosta tosaíochta, ní raibh sé in ann foireann a chur ar fáil do 10 % de na cigireachtaí ar an láthair ar tugadh tosaíocht dóibh in 2021;

- bhí an bhearna idir iarrataí agus acmhainneacht i bhfad níos airde le haghaidh imscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha. In 2021, ní raibh BCE in ann foireann a chur ar fáil do 26 % de na himscrúduithe ar tugadh tosaíocht dóibh. I ndáil leis an easpa acmhainní le haghaidh imscrúdú ar shamhlacha inmheánacha, rinne an ardstiúrthóireacht fhreagrach in BCE rabhadh a eisiúint don Bhord Maoirseachta go luath in 2022 ag cur in iúl go raibh riosca suntasach clú ann. Níl aon bheart déanta fós ag an mBord Maoirseachta mar fhreagairt ar an rabhadh sin.

44 Tá deighilt fhoirmiúil bhuiséadach ag BCE idir a chúraimí baincéireachta ceannais agus a chúraimí maoirseachta, rud atá ceaptha a áirithiú gur féidir an dá chúram a chur

[9] Tuarascáil speisialta 29/2016: 'An Sásra Aonair Maoirseachta – Tús maith déanta ach feabhsuithe breise de dhíth', féach mír 160.

i gcrích gan dochar dá chéile agus ar leithligh óna chéile. An caiteachas a bhaineann le cúraimí maoirseachta BCE a dhéanamh, clúdaítear é sin trí tháillí maoirseachta bliantúla a ghearradh ar institiúidí faoi mhaoirseacht. Tá sé sin ag teacht leis an gcaighdeán ábhartha (Croí-Phrionsabal Basel 2)[10] lena gceanglaítear go ndéantar maoirseoir a mhaoiniú ar bhealach nach mbaineann an bonn óna uathriail ná óna neamhspleáchas oibríochtúil.

45 Ag tosú ó 2023, chinn Comhairle Rialaithe BCE, áfach, gan líon na ndaoine a mhéadú don chraobh baincéireachta ceannais ná don chraobh mhaoirseachta. Mar sin féin, is féidir le craobh mhaoirseachta BCE (trí Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta) acmhainní breise a iarraidh má dheonaítear cúraimí nua nó leathnaithe nó má thagann riachtanais shonracha chun cinn de bharr roghanna maoirseachta. I ndáil leis sin, tugaimid ar aire go ndearna BCE, tar éis dheireadh ár gcuid oibre iniúchóireachta, poist bhreise a fhormheas chun go laghdófaí a spleáchas ar acmhainní seachtracha le haghaidh cigireachtaí ar an láthair agus imscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha a dhéanamh. Ciallaíonn sé seo go bhfuil tionchar ag breithnithe buiséadacha a thagann ó BCE ina ról mar bhanc ceannais ar leithdháileadh acmhainní, ós rud é nach mar a chéile éisteacht a fháil sa phróiseas cinnteoireachta (dul i gcomhchomhairle le Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Bhord Maoirseachta SAM[11]) agus an cinneadh maidir leis an mbuiséad maoirseachta a dhéanamh ar bhonn neamhspleách. Níl sé sin ag teacht leis an gcaighdeán ábhartha (féach mír ***44***) lena gceanglaítear go ndéantar acmhainní maoirseachta a shocrú ar bhonn neamhspleách. Tharraingíomar aird ar an tsaincheist sin freisin i dTuarascáil 2016 maidir le cur ar bun SAM[12].

46 Faoin gcreat dlíthiúil, tá ar na ÚINanna foireann a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí maoirseachta BCE lasmuigh den láthair agus ar an láthair. Mar shampla, is ó ÚINanna a thagann thart ar 90 % de na cigirí ar an láthair agus thart ar dhá thrian d'fhoireann JST. Sa suirbhé foirne is déanaí ó BCE, tugtar le fios go bhfuil 9 as 22 ÚIN tite ar gcúl ina gcuid gealltanas, rud a fhágann gannchion de 32 den choibhéis lánaimseartha (FTE) nó 4 % de na gealltanais don fhoirniú foriomlán. Is mó a bhí an bhearna i gcás JSTanna do na bainc is mó agus is casta.

---

[10] Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht: 'Croíphrionsabail do Mhaoirseacht Baincéireachta Éifeachtach', féach Prionsabal 2.

[11] Tá duine amháin ó SAM ag feidhmiú mar ionadaí ar Chomhairle Rialaithe BCE atá comhdhéanta de 26 chomhalta.

[12] Tuarascáil speisialta 29/2016: 'An Sásra Aonair Maoirseachta – Tús maith déanta ach feabhsuithe breise de dhíth', féach míreanna 47-52, 186.

47 Tá próiseas céim-mhéadaitheach ann don uair nach gcomhlíonann ÚINanna a ngealltanais foirnithe, agus is litir fhoirmiúil a sheolann BCE chuig an ÚIN an chéim dheiridh den phróiseas sin. In 2021, cé gur tionóladh cruinniú ar an leibhéal sinsearach idir BCE agus dhá ÚIN, ní raibh aon litir fhoirmiúil seolta ag BCE chuig aon ÚIN ag an am a ndearnamar ár n-iniúchadh. Ní raibh aon acmhainní breise curtha ar fáil faoi dheireadh 2021.

Tá próisis chomhairliúcháin agus formheasa BCE críochnúil, ach cuireann siad bac ar fhógra tráthúil a thabhairt do na bainc faoi chinneadh SREP

48 Ba cheart do mhaoirseoirí féachaint lena áirithiú go bhfaigheann bainc treoraíocht i dtaobh na maoirseachta ar bhonn tráthúil agus fós go gcinntítear go bhfuil na measúnuithe agus na bearta comhsheasmhach do na bainc go léir. Chuireamar romhainn a scrúdú an raibh an tráthúlacht chuí sa phróiseas atá ag BCE ina leith sin.

49 Tá ceithre phríomhchéim i bpróiseas BCE chun cinntí SREP a dhéanamh i.e. timthriall SREP:

- measúnú ag JSTanna;
- tagarmharcáil agus athbhreithniú ag aonaid chothrománacha BCE;
- comhchomhairle leis na bainc lena mbaineann (céim an idirphlé);
- próiseas formheasa.

50 Cuireadh tús le céim mheasúnaithe thimthriall SREP 2021 i lár mhí an Mhárta tar éis do na bainc sonraí a thíolacadh, agus cuireadh bailchríoch ar dhréachtchinntí SREP go luath i mí Iúil (féach ***Fíor 6***). Ina dhiaidh sin, cuireadh tús leis an idirphlé maoirseachta tráth a ndearnadh na bainc a chur ar an eolas faoi na bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla agus faoi na moltaí a bhí beartaithe ag BCE a fhorchur, chomh maith leis na príomh-bhunchúiseanna a bhí leo. Tháinig deireadh leis an idirphlé maoirseachta i lár mhí Mheán Fómhair agus caitheadh na cúig mhí ina dhiaidh sin le céimeanna foirmiúla amhail athbhreithniú dlíthiúil, an próiseas foirmiúil a bhaineann le ceart éisteachta, formheasanna inmheánacha agus formheas faoi dheoidh ag an mBord Maoirseachta agus ag an gComhairle Rialaithe. Bhí an próiseas foirmiúil maidir le ceart éisteachta a fháil bunaithe ar dhréachtchinneadh SREP, i.e. na bearta maoirseachta cainníochtúla agus cáilíochtúla san áireamh ann. Bhí na bainc in ann a dtráchtanna a dhéanamh go foirmiúil i dtaobh an dréachta seo de chinneadh SREP.

Fíor 6 – Amchlár SREP 2021



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó BCE.

51 Cé go bhfuil an próiseas foriomlán sin críochnúil, níl sé éifeachtach toisc go dtógann an chuid deiridh déanach de (i.e. na céimeanna idirphlé agus formheasa) go leor ama: tuairim is dhá uair chomh fada leis na céimeanna measúnaithe agus tagarmharcála. I gcás ár sampla de 10 mbanc, scrúdaíomar a mhéid a d'athraigh na bearta maoirseachta idir an t-idirphlé maoirseachta i mí Iúil 2021 agus cinneadh críochnaitheach SREP i mí Feabhra 2022. Fuaireamar, in ainneoin an méid ama a glacadh agus go raibh dhá nós imeachta ar siúl (idirphlé maoirseachta agus an ceart chun éisteacht a fháil), nár tháinig athrú substainteach ar na bearta ó thaobh a n-inneachair ná a lín de, agus nach ndearnadh ach roinnt athruithe ar na sprioc-amanna a bhí leagtha síos chun na bearta a chur chun feidhme. Eisceacht a bhí i gceanglas

sonrach breise cholún 2 le haghaidh gannchion clúdaigh i gcás iasachtaí neamhthuillmheacha, ar rud nua a bhí ansin in 2021 (le haghaidh mionsonraí faoin bhforlíontán sin, féach míreanna ***77***-***104***).

52 Ba é an toradh faoi dheoidh, i gcás thimthriall SREP 2021, ná nár eisíodh cinntí críochnaitheacha SREP chuig na bainc go dtí mí Feabhra 2022, 13 mhí tar éis an dáta tagartha de dheireadh mhí na Nollag 2020. Bhí sé sin chomh fada céanna leis an timthriall in 2018, ach bhí sé níos faide ná timthriallta roimhe sin amhail 2017, 2019, agus 2020 nuair a eisíodh cinntí roimh dheireadh na bliana. Bhí an tréimhse 13 mhí cuid mhaith níos faide ná, mar shampla, an t-am a thóg sé ar mhaoirseoir stuamachta na Sualainne tasc den chineál céanna a dhéanamh (naoi mí). Ó thaobh an tionchair de, ciallaíonn fad foriomlán an phróisis nach bhfaigheann na bainc atá faoi mhaoirseacht BCE toradh foirmiúil agus dlíthiúil an phróisis go tráthúil. Go deimhin, is féidir le rioscaí bainc (amhail leibhéal na INTanna agus soláthar) athrú le linn na gcéimeanna fada idirphlé agus formheasa. Méadaíonn sé sin an baol go mbeidh cinneadh SREP as dáta faoin am a eisítear go foirmiúil é.

Ní bhaineann BCE úsáid éifeachtúil as a chuid uirlisí chun a áirithiú go bhfuil riosca creidmheasa clúdaithe go hiomlán ag caipiteal breise

53 Ag deireadh SREP, is féidir leis an maoirseoir ceanglais bhreise maidir le cistí dílse a fhorchur, ar a dtugtar ceanglas cholún 2 (féach mír ***08***). Tarlaíonn sé sin nuair a chinneann an maoirseoir nach bhfuil na cistí dílse atá i seilbh an bhainc ag tabhairt clúdach fónta ar rioscaí do chaipiteal a bhfuil an banc neamhchosanta orthu, nó a d'fhéadfadh an banc a bheith neamhchosanta orthu, ar choinníoll go ndéantar na rioscaí sin a mheasúnú mar rioscaí atá ábhartha don bhanc[13]. I gcomhréir le Treoirlínte SREP ó ÚBE[14], ba cheart ceanglas cholún 2 a chinneadh **ar bhonn riosca ar riosca** agus ba cheart go gclúdódh sé an méid seo a leanas[15]:

- riosca na gcaillteanas gan choinne, agus riosca na gcaillteanas ionchasach nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach ag soláthairtí, thar thréimhse 12 mhí (ach amháin i gcás ina sonraítear a mhalairt sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil), ar a dtugtar 'caillteanais gan choinne';

[13] Treoirlínte SREP 2018 ó ÚBE, pointe 342; Treoirlínte SREP 2022 ó ÚBE, pointe 360.

[14] Thug BCE fógra go raibh Treoirlínte SREP á gcomhlíonadh aige an 15/02/2019.

[15] Treoirlínte SREP 2018 ó ÚBE, pointí 348 agus 349; Treoirlínte SREP 2022 ó ÚBE, pointí 368 agus 371.

- an riosca go ndéanfar gannmheastachán ar riosca i ngeall ar easnaimh i samhlacha inmheánacha na mbanc (i.e. samhlacha staidrimh, ar féidir le bainc iad a úsáid chun an méid caipitil atá de dhíth orthu a chinneadh bunaithe ar a rioscaí);

- an riosca a eascraíonn as easnaimh sa rialachas inmheánach, lena n-áirítear socruithe don rialú inmheánach agus easnaimh eile.

54 I gcás timthriall SREP 2021, thogair BCE cur chuige nua a chur chun feidhme maidir le ceanglas cholún 2 a ghiniúint, agus táthar ag mionchoigeartú an chur chuige sin fós. Rinneadh é sin mar fhreagairt ar athbhreithniú ÚBE ina bhfuarthas go raibh gá le feabhas a chur ar an gcur chuige a bhí ann roimhe sin. Is próiseas ceithre chéim atá sa chur chuige nua sin:

- is é an pointe tosaigh ná scór foriomlán riosca i gCéim 1, a dhíorthaítear ó chéim mheasúnaithe SREP. Ríomhtar an scór go huathoibríoch trí ualaí réamhshocraithe a chur i bhfeidhm ar na heilimintí riosca éagsúla (iad sin atá luaite i ***bhFíor 1***, seachas leachtacht). Bunaithe ar an scór foriomlán riosca sin, roghnaíonn JSTanna forlíontán tosaigh (arna shloinneadh i gcéatadán de na sócmhainní agus iad ualaithe ó thaobh riosca). Go deimhin, i gcás gach aon scór foriomlán riosca (ag dul ó 1 (an riosca is ísle) go dtí 4 (an riosca is airde)), rinne BCE raon sonrach forlíontán (íosmhéid go huasmhéid) a réamhshainiú. Is féidir le JSTanna an scór riosca foriomlán uathoibrithe a choigeartú laistigh de theorainneacha áirithe chun sainiúlachtaí phróifílí riosca na mbanc a chur san áireamh;

- i gCéim 2, déantar an forlíontán tosaigh a roghnaíodh a mhiondealú de réir foirmle go dtí suas le seacht bhforlíontán aonair le haghaidh rioscaí éagsúla (amhail riosca creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh, etc.). Úsáideann an fhoirmle ionchuir ón bpróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP) atá ag an mbanc féin, i.e. cainníochtú a dhéanann banc ar an gcaoi atá rioscaí á gclúdach ag caipiteal cholún 1 (féach mír ***09***);

- ina dhiaidh sin, déanann JSTanna athmheasúnú ar na forlíontáin riosca ar riosca aonair i gCéim 3 (é sin freisin faoi threoir piar-thagarmharcanna agus caighdeáin eile);

- i gCéim 4, déantar ceanglas cholún 2 a atógáil trí na forlíontáin riosca ar riosca aonair a shuimiú. Is féidir le forlíontáin Chéim 4 a bheith níos airde nó níos ísle ná an ceann a roghnaíodh i gCéim 2. Le haghaidh léiriú ar an bpróiseas sin, féach ***Fíor 7***.

Fíor 7 – An próiseas ón bhforlíontán foriomlán tosaigh go dtí forlíontáin de réir rioscaí sonracha



Foinse: CIE, bunaithe ar BCE.

55 Cé go bhfuil bearta déanta ag BCE le blianta beaga anuas chun trédhearcacht a mhéadú (féach mír ***19***), níl modheolaíocht iomlán SREP foilsithe fós aige. Ní nochtaimid an fhaisnéis faoi ualaí ná faoi na raonta a úsáidtear i modheolaíocht cholún 2 BCE mar go measann BCE go bhfuil sé sin le coinneáil faoi rún.

56 Rinneamar measúnú ar a éifeachtúla a chuir BCE Treoirlínte SREP ó ÚBE i bhfeidhm le haghaidh giniúint cheanglas cholún 2. Go sonrach, áirítear leis sin an chaoi a n-áirithíonn modheolaíocht mhaoirseachta BCE, agus cur chun feidhme na modheolaíochta sin, go bhfuil na rioscaí atá sainaitheanta clúdaithe go leordhóthanach ag an gcaipiteal.

57 I dtreoirlínte ÚBE is infheidhme maidir le timthriall SREP 2021 (féach freisin mír ***53***), bhí sé mar cheanglas ‘gur cheart ríomhanna ICAAP, i gcás ina meastar iad a bheith iontaofa nó iontaofa i bpáirt, a bheith mar thúsphointe chun ceanglas cholún 2 a chinneadh’[16]. I gcás nár measadh ICAAP a bheith iontaofa, ba cheart gurb é

[16] Treoirlínte SREP 2018 ó ÚBE, pointe 350.

forthoradh na dtagarmharcanna maoirseachta a bheadh mar thúsphointe. Mar sin féin, thogair BCE gan ICAAP a úsáid mar thúsphointe. Thugamar ar aire go bhfuil iontaofacht ICAAP íseal fiú amháin i ndiaidh seacht mbliana de mhaoirseacht SAM agus, in 2021, go bhfuil níos lú ná leath de ICAAPanna na mbanc á meas ag BCE mar ICAAPanna atá iontofa. Níl measúnú déanta ag ÚBE ar chur i bhfeidhm mhodheolaíocht nua BCE a úsáideadh den chéad uair i dtimthriall SREP 2021.

58 Go deimhin, seachas ICAAP a úsáid mar thúsphointe, bhí an scór riosca foriomlán bunaithe ar ualuithe le haghaidh gach aon riosca (mar a luaitear i mír ***54***). Cuireadh na hualuithe i bhfeidhm ar na scóir a tháinig as an measúnú maoirseachta ar gach aon riosca. I gcás thimthriall 2021, a bhí faoi réir ár n-iniúchóireachta, bhí na hualuithe comhionann le haghaidh na bainc go léir, agus dá bhrí sin ní léireoidís a gcás ar leith. Tugaimid ar aire gur athraíodh na hualuithe do thimthriall 2022 agus go bhfuil éagsúlacht iontu de réir shamhail ghnó an bhainc. Is féidir le JSTanna an scór riosca foriomlán uathoibrithe a choigeartú laistigh de theorainneacha áirithe.

59 Mar a léirítear sna míreanna anseo thuas, **ní leanann** modheolaíocht reatha BCE maidir le ceanglais chaipitil bhreise a ríomh **cur chuige riosca ar riosca** mar a cheanglaítear a dhéanamh de réir threoirlínte ÚBE (féach mír ***53***). Tá an scór riosca foriomlán bunaithe ar mheasúnú maoirseachta ar leibhéil riosca chomh maith le laigí sa tsamhail agus laigí rialaithe inmheánaigh eile, rud a fhágann go ndéantar na scóir riosca a chuachadh,

- ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon bhealach ann chun tionscnóirí riosca aonair a nascadh go díreach leis na forlíontáin riosca ar riosca;

- ná níor aimsíomar fianaise a léiríonn go ndearna BCE na rioscaí sin a chainníochtú do gach aon bhanc. Go deimhin, cé go raibh uirlis ann chun na cainníochtuithe sin a dhéanamh, níor baineadh úsáid aisti le haghaidh thimthriall 2021 agus níl sí ar fáil a thuilleadh le haghaidh thimthriall 2022. Mar shampla, seachas riosca sonrach a chainníochtú[17], tá scór ann do na rioscaí go léir a d'fhéadfadh nó nach

[17] Treoirlínte SREP 2018 ó ÚBE, pointe 342: 'Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh, trí mheasúnú caipitil SREP, an soláthraíonn na cistí dílse atá i seilbh na hinstitiúide clúdach fónta ar rioscaí do chaipiteal a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu, nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu, má mheastar go bhfuil na rioscaí sin ábhartha don institiúid', agus pointe 343: 'Ba cheart d'údaráis inniúla é sin a dhéanamh trína chinneadh agus a shocrú cad iad cainníocht (méid) agus comhdhéanamh (cáilíocht) na gcistí dílse breise a cheanglaítear ar an institiúid a shealbhú chun gnéithe de rioscaí agus rioscaí nach bhfuil clúdaithe ag Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('ceanglais cistí dílse bhreise') a chlúdach, lena n-áirítear, i gcás inar gá, ceanglais cistí dílse chun an riosca a

bhféadfadh a bheith i gceist leis an riosca sonrach sin agus na laigí rialaithe a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh a bheith gaolmhar leis; agus

- ní dhéantar idirdhealú sainráite sa mhodheolaíocht ná mapáil riosca ina cur i bhfeidhm idir (i) rioscaí sonracha (go sonrach iad sin nach bhfuil clúdaithe ag ceanglais chaipitil cholún 1, rioscaí nach bhfuil clúdaithe go hiomchuí, agus rioscaí nach bhfuil clúdaithe ar chor ar bith) agus (ii) ceanglas cholún 2.

60 Ós rud é nach bhfuil BCE i riocht an forlíontán caipitil do bhanc a mhiondealú ina thionscnóirí riosca aonair, ciallaíonn sé sin **nach bhfuil aon dearbhú ann go bhfuil ceanglais cholún 2 de réir mar atá siad ríofa ag áirithiú go bhfuil clúdach fónta á dhéanamh ar rioscaí** a chaitear a bheith clúdaithe agus nach bhfuil aghaidh á tabhairt go hiomchuí ar easnaimh sa tsamhail agus ar laigí rialaithe (féach mír ***53***).

61 Ní dhearnadh na raonta réamhshainithe óna roghnaítear an forlíontán tosaigh a nuashonrú ó 2017 agus níl aon anailís déanta fós ag BCE chun a fhíorú an dtugann na raonta léiriú cruinn ar na rioscaí ábhartha ar leibhéal na mbanc. Tugaimid ar aire, bunaithe ar shonraí poiblí, go raibh ceanglais cholún 2 a tugadh do na bainc a ndearna BCE maoirseacht orthu mar thoradh ar thimthriallta SREP 2019, 2020 agus 2021 ag dul ó 0.75 % go dtí 3.90 %. Tá forluí mór idir na raonta réamhshainithe freisin (féach ***Fíor 7***), rud a chiallaíonn gur féidir le banc a bhfuil scór riosca foriomlán níos ísle aige forlíontán cheanglas cholún 2 níos airde a fháil ná banc a bhfuil scór riosca foriomlán níos airde aige.

62 Scrúdaíomar ar tháinig ICAAP i gceist nuair a bhí rogha le déanamh laistigh de raon ar leith. Go sonrach, i gcás ina measann BCE go bhfuil ICAAP neamh-iontaofa, bítear ag súil leis, de réir lámhleabhar SREP ó BCE, go mbeidh JST ag piocadh ó cheann uachtarach an raoin. I gcás thimthriall SREP 2021, fuaireamar nár leanadh an treoraíocht inmheánach sin go minic:

- roghnaigh JSTanna forlíontáin tosaigh a bhí comhionann le nó níos ísle ná lárphointe na raonta in dhá thrian de na cásanna ina bhfuair BCE go raibh ICAAP

---

bhaineann leis an tsamhail, le rialú, le rialachas nó le heasnaimh eile a chlúdach'; Treoirlínte SREP 2022 ó ÚBE, pointe 368: 'Chun críche na míre roimhe seo, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh ar bhonn riosca ar riosca, cad iad na méideanna caipitil a mheastar a bheith leormhaith, trí na rioscaí ar a bhfuil an institiúid neamhchosanta a shainaithint, a mheasúnú agus a chainníochtú agus ba cheart dóibh próifíl riosca iomlán institiúide a chur san áireamh'.

neamh-iontaofa ag an mbanc. Bhí ICAAP neamh-iontaofa ag níos mó ná leath de na bainc (féach mír ***57***);

- in 2021, bhí trí bhanc as pobal SAM a raibh an scór riosca foriomlán is measa ab fhéidir acu, i.e. scór 4, *chomh maith le* ICAAP neamh-iontaofa. Fuair na trí bhanc sin ceanglais cholún 2 ag an gceann íochtair ar fad den raon a bhí molta.

63 Scrúdaíomar freisin a mhéid a bhain BCE úsáid as na raonta réamhshainithe do na **blianta 2017 go 2021** agus a mhéid a d'áirithigh sé comhsheasmhacht sa chaoi ar forchuireadh ceanglais cholún 2. Fuaireamar nach raibh úsáid na raonta réamhshainithe comhsheasmhach idir na bainc a raibh rioscaí sainaitheanta níos ísle acu agus na bainc a raibh rioscaí sainaitheanta níos airde acu.

64 Forálann modheolaíocht BCE do cheanglais cholún 2 a bheith níos airde de réir mar a mhéadaíonn na scóir riosca fhoriomlána. Dá réir sin, mar atá leagtha amach i ***bhFíor 8***, méadaíonn ceanglais theoiriciúla íosta cholún 2 (i.e. íosmhéid na raonta réamhshainithe, féach mír ***54***) ar bhealach líneach agus fásann ceanglais theoiriciúla airmheánach cholún 2 go cionmhar níos tapa mar go bhfuil leibhéil mhéadaitheacha rioscaí agus laigí rialaithe ag tabhairt le fios go bhfuil riosca níos mó ann go gclisfidh ar bhanc. Sa chleachtas, áfach, níor fhág **scóir riosca foriomlán níos measa go raibh ceanglais cholún 2 go cionmhar níos airde**. Fuaireamar go raibh ceanglais cholún 2 do bhainc le scór 4 faoi SREP níos airde go deimhin ná na ceanglais sin do bhainc a raibh scór SREP 2+ faoi SREP acu (is é 2+ an scór ab fhearr a chuir BCE i bhfeidhm). Mar sin féin, tá treocht shoiléir ann:

- dá mheasa scór SREP, is ea is lú an méadú incriminteach ar cheanglas cholún 2;

- dá mheasa scór SREP, is ea is gaire ceanglas iarbhír cholún 2 iarbhír don íosmhéid teoiriciúil, agus is ea is leithne an bhearna go dtí an t-airmheán teoiriciúil.

Fíor 8 – Scóir SREP agus ceanglais cholún 2 do 2017 go dtí 2021



Nóta: I gcás 2020, níor ritheadh timthriall iomlán SREP mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus i gcás thimthriall SREP 2021, cuireadh an scór riosca foriomlán (ORS) in ionad scór SREP.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó BCE.

65 Go sonrach (féach freisin ***Fíor 8***), fuaireamar an méid seo a leanas:

- i gcás na mbanc a raibh rioscaí sainaitheanta níos ísle acu (scóir de 1, 2+, 2, 2-), roghnaigh BCE meáncheanglas cholún 2 os cionn lárphointe an raoin réamhshainithe;
- i gcás na mbanc a raibh rioscaí sainaitheanta níos airde acu (scóir SREP de 3+, 3, 3-, 4), roghnaigh BCE ceanglais cholún 2 faoi bhun lárphointe an raoin réamhshainithe, go deimhin níos gaire d'íosmhéid an raoin nó fiú faoi;
- i gcás na mbanc a raibh scór SREP de 4 acu, níor fhorchuir BCE ceanglas cholún 2 a bhí níos airde ná 3.90 % in aon bhliain ar leith. I dtrí chás, fuair bainc SREP 4 ceanglais cholún 2 a bhí faoi bhun íosmhéid an raoin a bhí molta.

66 Léirigh ár n-anailís féin ar ICAAPanna na mbanc dár sampla de 10 mbanc go raibh ceanglais cholún 2, de réir mar a chinn BCE iad, i gceithre chás go suntasach níos ísle agus in dhá chás go suntasach níos airde ná na rioscaí nach raibh clúdaithe agus a bhí

déanta amach ag na bainc sin trína ICAAPanna. Thairis sin, dá gcuirfí ICAAPanna na mbanc san áireamh (gan beann ar a n-iontaofacht), bheadh, tríd is tríd, ceanglais cholún 2 i bhfad níos ilchineálaí. Bhí torthaí den chineál céanna ar mheasúnú a rinne BCE i gcomhthéacs na bhforbairtí ar a mhodheolaíocht i leith cheanglais cholún 2. Ciallaíonn sé sin, in éineacht leis na pointí eile atá luaite anseo thuas (féach míreanna ***59***-***61***), nach bhfuil aon dearbhú faighte ag BCE go bhfuil na raonta réamhshainithe ina léiriú iarbhír ar na rioscaí ábhartha ar leibhéal na mbanc.

67 I gcomparáid leis sin, tugaimid ar aire cé gur fhorchuir BCE ceanglais cholún 2 ag dul ó 0.75 % go 3.90 % i gcás thimthriall 2021 gur fhorchuir maoirseoir eile de chuid an Aontais ceanglais cholún 2 ag dul ó 0.78 % go 76.10 %, raon atá go suntasach os cionn an chinn is airde a chuir BCE i bhfeidhm.

68 Ar deireadh, tá an athraitheacht theoranta sna raonta réamhshainithe agus an rogha chórasach i gcás cheanglais cholún 2 ag íochtar na raonta do na bainc is laige ag cuidiú leis na bainc sin nach mbeadh dóthain caipitil (lamháil) acu chun ceanglais níos airde a chomhlíonadh.

69 Scrúdaíomar freisin a mhéid a dhéanann BCE iarracht **comhsheasmhacht a thomhas le himeacht ama** i gceanglais cholún 2 a fhorchuireann sé. Mar chuid dá phróiseas dearbhaithe cáilíochta, fuaireamar go ndéanann BCE athbhreithniú *ex post* ar fhorbairtí i dtáscairí riosca, i scóir SREP agus i gceanglais cholún 2 do na bainc atá faoina mhaoirseacht. Díríonn na hathbhreithnithe sin den chuid is mó ar chomparáid le bainc eile le linn na bliana céanna, agus ar chomparáid i gcás an bhainc chéanna an bhliain roimhe sin. Is beag fócas atá ag BCE ar fhorbairtí thar thréimhsí níos faide inar féidir le hathruithe móra tarlú ar na leibhéil riosca fholuiteacha.

70 Ba é timthriall SREP 2021 an chéad cheann ar chuir BCE na príomhthionscnóirí do cheanglas cholún 2 in iúl do na bainc i dtéarmaí cáilíochtúla. Dá réir sin, cuireadh ceanglas cholún 2 in iúl i gcinneadh SREP agus cuireadh na príomhthionscnóirí in iúl i ‘litir feidhmiúcháin’ a bhí ag gabháil leis an gcinneadh sin. Ní dhearnamar measúnú ar dhlíthiúlacht an ráitis ar chúiseanna, i.e. an gcloíonn sé leis na caighdeáin a cheanglaítear le dlí an Aontais[18]. Mar sin féin, fuaireamar nach bhfuair na bainc na forlíontáin (céatadán) a bhaineann go sonrach le gach aon cheann de na rioscaí aonair. I gcomparáid leis sin, tá maoirseoir eile de chuid an Aontais ann a thugann níos mó mionsonraí do na bainc faoi na comhchodanna atá i gceanglas cholún 2. Go deimhin, mar gheall ar an gcaoi a bhfuil modheolaíocht BCE leagtha amach ní féidir faisnéis

[18] An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 296) agus an cásdlí gaolmhar (mar shampla Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-411/17).

mhionsonraithe a thabhairt maidir le (i) cad iad na rioscaí gan chlúdach a rannchuidigh de réir méid áirithe le ceanglais cholún 2, nó (ii) cad a bhí ag tionscnamh athruithe ó bhliain go bliain, má bhí siad sin ann. Mar sin féin, le treoirlínte ÚBE[19] (féach mír ***57***), ceanglaítear ar mhaoirseoirí **údar soiléir** a thabhairt do na bainc i dtaobh aon cheanglais cistí dílse breise **ar bhonn riosca ar riosca, rud nach féidir a dhéanamh leis an gcur chuige atá ann faoi láthair**.

Ní bhaineann BCE úsáid éifeachtúil as a chumhachtaí maoirseachta chun a rá le bainc riosca creidmheasa a bhainistiú ar bhealach níos fearr

71 Tá na cumhachtaí maoirseachta agus na huirlisí ag BCE chun a rá le bainc gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh. Tá sé de chuspóir ag bearta maoirseachta cáilíochtúla (féach ***Fíor 1***) ceangal a chur ar an mbanc leibhéal an riosca fréimhíochta a laghdú nó socruithe bainistíochta agus rialaithe a neartú. D'fhéadfadh ceanglais nó moltaí a bheith i gceist leis na bearta sin, a leagtar amach i gcinneadh SREP de ghnáth. Is iondúil go n-úsáidtear ceanglais cháilíochtúla le haghaidh céim-mhéadú i gcásanna nár comhlíonadh moltaí. I gcásanna tromchúiseacha, is féidir le BCE comhaltaí boird a dhífhostú nó ceadúnas a tharraingt siar i gcás nach bhfuil rialuithe inmheánacha bainc i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla. Faoi threoir phobal iomlán na mbanc faoi mhaoirseacht, rinneamar measúnú féachaint ar bhain BCE úsáid éifeachtúil as na bearta sin mar fhreagairt ar na rioscaí a shainaithin sé.

72 Fuaireamar nach dtugann Lámhleabhar SREP ó BCE ná doiciméid treoraíochta eile aon treoraíocht chuimsitheach maidir leis an gcaoi ar cheart do JSTanna freagairt d'easnaimh ábhartha a bhaineann le riosca creidmheasa, rud a fhágann go bhfuil leibhéal ard dá lánrogha féin ag JSTanna. Sa chleachtas, bíonn BCE ag brath níos mó ar mholtaí a dhéantar le bainc ná ar cheanglais.

73 Inár sampla, thugamar faoi deara go raibh roinnt banc ann ar tugadh moltaí arís is arís eile dóibh agus/nó go raibh easnaimh ábhartha a bhaineann le riosca creidmheasa

[19] Treoirlínte SREP 2018 ó ÚBE, pointe 354: 'Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go mbeidh na ceanglais cistí dílse breise a leagtar síos do gach riosca ag clúdach an riosca ar bhealach fónta. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) **údar soiléir** a thabhairt i dtaobh aon cheanglas cistí dílse breise atá difriúil go sonrach ó na forthorthaí ar ríomhanna iontaofa ICAAP nó ar ríomhanna tagarmharcála [...]; Treoirlínte SREP 2022 ó ÚBE, pointe 363: 'Nuair a bhíonn na ceanglais cistí dílse breise á socrú agus, i gcás inarb ábhartha, treoraíocht á leagan síos, ba cheart do na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh: [...] b. **údar soiléir a thabhairt i gcás gach eiliminte** de cheanglais cistí dílse breise le haghaidh P2R' agus roinn 7.6.

acu le linn thréimhse 2019-2021, agus ina gcás siúd (i) níor athraigh an scór rialaithe riosca creidmheasa ná ceanglas cholún 2 le linn na tréimhse céanna agus (ii) ní dhearnadh aon chéim-mhéadú ar na bearta. Sin in ainneoin go raibh sé ar chumas BCE ceanglais cháilíochtúla a úsáid sa chás nach ndearna siad an cur chun feidhme (féach mír ***71***).

74 D'fhéachamar freisin ar an bpatrún foriomlán do bhainc leis na scóir is laige le haghaidh rialú riosca creidmheasa (i.e. scór 4) le linn na tréimhse 2017-2021. As an bpobal ar fad faoi mhaoirseacht, bhí sé cinn de chásanna den sórt sin ann. Mar a léirítear i ***dTábla 1***, fuaireamar i gcúig chás nár leigheas maoirseacht BCE laigí leanúnacha i mbainistiú riosca creidmheasa na mbanc toisc go raibh an scór fós lag. Go deimhin, bhí moill ar na bearta maoirseachta a dhéanamh agus ní raibh na feabhsuithe a bhí beartaithe tarlaithe fós mar thoradh orthu. Thairis sin, i gcás leath de na sé bhanc sin, d'fhan ceanglas cholún 2 cobhsaí nó fiú amháin tháinig laghdú air.

Tábla 1 – Bainc le scór rialaithe riosca creidmheasa de cheathair agus bearta maoirseachta (BM) a bheith ann (2017-2021)

Banc	2017	2018	2019	2020	2021
A	4	4	4	4 (BM)	4
B	4	4	4	4	3
C	3	3	4	4 (BM)	4
D	3	3	4	4 (BM)	4 (BM)
E	2	2	3	3 (BM)	4 (BM)
F	3	3	3	3 (BM)	4 (BM)

Nótaí:
(1) Tá feabhas ar an scór aibhsithe i nglas.
(2) Tá dul in olcas sa scór aibhsithe in oráiste.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó BCE.

75 Ar an gcaoi chéanna, sa chás nach gcomhlíonann banc an ceanglas dlíthiúil go gcaithfidh sé ICAAP fónta agus éifeachtach a bheith aige, féadfaidh BCE leas iomlán a bhaint as a chumhachtaí maoirseachta (féach mír ***71***). Mar sin féin, mar a luaitear i mír ***57***, seacht mbliana tar éis bhunú SAM, níl ICAAPanna iontaofa fós ag tromlach na mbanc a ndéantar maoirseacht dhíreach orthu.

76 Léiríonn sé sin easnaimh in éifeachtúlacht BCE ó thaobh a rá leis na bainc cén chaoi le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá sainaitheanta aige, rud a chiallaíonn

nach féidir leis a áirithiú go bhfuil na rioscaí sainaitheanta á leigheas go tráthúil agus, dá bhrí sin, á mbainistiú go hiomchuí ar leibhéal na mbanc.

Tá dlús curtha ag BCE lena iarrachtaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ábhair imní stuamachta a bhaineann le INTanna oidhreachta, ach ní bhaineann sé an úsáid is fearr is féidir as a chuid uirlisí

77 De réir caighdeáin a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, Croí-Phrionsabail Basel (go sonrach, Croí-Phrionsabal 18), ceanglaítear ar mhaoirseoirí a chinntiú go bhfuil beartais agus próisis leormhaithe ag bainc chun sócmhainní achrannacha a shainaithint agus a bhainistiú go luath (lena n-áirítear INTanna), agus chun soláthairtí agus cúlchistí leormhaithe a chothabháil. Tá aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta sócmhainní ar cheann de na príomhthosaíochtaí do BCE ó cuireadh SAM ar bun in 2014. Leag sé béim ar an **riosca creidmheasa chomh maith le leibhéil mhéadaithe iasachtaí neamhthuillmheacha mar na príomhrioscaí** atá ann do bhainc sa limistéar euro. Thug BCE faoi deara freisin go raibh 'éagsúlacht sa chur chuige atá ag bainc ó thaobh INTanna a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus a dhíscríobh'[20].

78 Rinneamar measúnú ar an éifeachtúlacht oibríochtúil a bhí ag an gcaoi a ndearna BCE na caighdeáin thuasluaite agus an dlí Eorpach a bhaineann leo a chur chun feidhme. Dhírigh ár n-iniúchadh isteach ar **iasachtaí a aicmíodh mar iasachtaí neamhthuillmheacha roimh mhí Aibreáin 2018**, dá ngairtear **INTanna oidhreachta** freisin. Dá réir sin, rinneamar measúnú féachaint an ndearna BCE an méid seo a leanas:

(a) leigheas tráthúil a thabhairt ar ábhair imní stuamachta a bhaineann le INTanna oidhreachta;

(b) cóir chomhionann a áirithiú; agus

(c) úsáid éifeachtúil a bhaint as na huirlisí maoirseachta.

79 An 20 Márta 2017, d'fhoilsigh BCE a Threoraíocht maidir le INTanna mar 'uirlis mhaoirseachta arb é is aidhm di ná soiléiriú a dhéanamh ar na hionchais mhaoirseachta atá ann maidir le INTanna a shainaithint, a bhainistiú, a thomhas agus a dhíscríobh i réimsí nach ndéantar aon tagairt do na hionchais sin sna rialacháin, sna

[20] BCE, Treoraíocht do bhainc maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha, 2017, lch. 5.

treoracha nó sna treoirlínte atá ann cheana féin nó a bhfuil easpa sainiúlachta ann ina dtaobh'. Sa treoraíocht sin, tugann BCE:

- tuairisc mhion ar an méid a bhfuil sé ag dréim leis ó na bainc ó thaobh **caighdeáin chuntasaíochta** a chur chun feidhme, go háirithe conas soláthar a dhéanamh do INTanna, conas luacháil a dhéanamh ar an gcomhthaobhacht atá nasctha le INTanna, conas meastachán a dhéanamh i gcás caillteanais in iasachtaí urraithe agus neamhurraithe; agus tugann sé treoraíocht i dtaobh dhíscríobh INTanna. Sa Treoraíocht maidir le INTanna, deirtear freisin go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar chun sábháilteacht agus neart an chórais baincéireachta a áirithiú agus go gcaitheann maoirseoirí cinntí a dhéanamh maidir le **leormhaitheas agus tráthúlacht** na soláthairtí;

- na mionsonraí atá le cur san áireamh i **straitéis laghdaithe INTanna**, a bhfuiltear ag dréim leis go ndéanfaidh **bainc a bhfuil leibhéil arda INTanna acu** í a chur ar fáil do BCE. Ní mór do bhainc spriocanna a shainiú chun INTanna a laghdú in imeacht tréimhse atá réalaíoch ach fós uaillmhianach go leor (spriocanna maidir le INTanna a laghdú). Bhí 39 mbanc ann ar dhéileáil BCE leo mar bhainc le 'leibhéil arda INTanna' i dtimthriall SREP 2021.

80 Tá sé ráite ag BCE go ndéantar an treoraíocht a chur san áireamh in SREP agus gur 'nádúr neamhcheangailteach' atá sa treoraíocht sin. Tugaimid ar aire go raibh BCE, mar sin féin, ag dréim leis go ndéanfadh na bainc 'míniú agus bonn cirt a thabhairt i dtaobh aon diallas nuair a d'iarrfaí é sin orthu ar chúinsí maoirseachta', agus go bhféadfadh 'neamhchomhlíonadh a bheith ina chúis le bearta maoirseachta a thabhairt isteach'. Dá réir sin, cé nach bhfuil an treoraíocht ceangailteach ar bhonn *de jure*, rinne sí oibleagáidí nua a fhorchur ar bhonn *de facto*.

81 Tugann creat rialála an Aontais **an chumhacht**[21] do BCE, i gcomhréir lena shainordú maoirseachta micreastuamachta, **a cheangal go mbeadh** (i) **beartas soláthair ar leith ann** nó (ii) **láimhseáil sócmhainní**. Maidir le sócmhainní a láimhseáil, ciallaíonn sé sin gur féidir le BCE a cheangal ar institiúidí creidmheasa coigeartuithe sonracha (asbhaintí, scagairí nó bearta comhchosúla) a chur i bhfeidhm ar ríomhanna cistí dílse i gcás ina meastar nach bhfuil an cur chuige cuntasaíochta a chuireann banc i bhfeidhm stuama ó thaobh maoirseachta de. Is é dearcadh an Choimisiúin, de réir mar a cuireadh in iúl san athbhreithniú ar SAM a rinne sé in 2017, ná go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le húsáid na cumhachta sin chun dul i ngleic le fadhb na INTanna.

[21] Tá cumhachtaí maoirseachta BCE leagtha amach in Airteagal 16 (2)(d) de Rialachán SAM.

D'athdhearbhaigh reachtóirí an Aontais an tuairim sin nuair a ghlac siad[22], i mí Aibreáin 2019, 'cúlstop stuamachta' is infheidhme maidir le hiasachtaí a tionscnaíodh i ndiaidh an 26 Aibreán 2019 agus lena ndearnadh INTanna oidhreachta a eisiamh go sainráite.

82 Ní dhéantar an chumhacht shonrach sin a lua go sonrach i Lámhleabhar SREP ó BCE, cé go dtarraingíonn sé aird in áiteanna éagsúla ann go bhfuil an fhreagracht ar JSTanna as a **chinneadh go bhfuil soláthar na mbanc leormhaith agus tráthúil**. Tá sé leagtha síos i gcaighdeáin chuntasaíochta go bhfuil soláthairtí le breacadh sa leabhar de réir mhéid an chaillteanais ionchasaigh iomláin don tsaolré[23]. Ba cheart an caillteanas ionchasach don tsaolré a bheith bunaithe ar mheastachán **réalaíoch** ar íocaíochtaí sa todhchaí (amhail aisghabháil comhthaobhachta) a d'fhéadfadh banc a fháil fós. Faoi choinníollacha áirithe, tugann an chumhacht sin an deis freisin maolú a dhéanamh ar ábhair imní stuamachta sa chás nach bhfuil caighdeáin chuntasaíochta in ann clúdach iomlán rioscaí a áirithiú, mar shampla, nuair a bhíonn bainc ag brath go mór ar chomhthaobhacht nach ndéantar a réadú ach go hannamh. Mar sin féin, ní bhfuaireamar **fianaise ar bith go raibh BCE dáiríre ag smaoineamh ar an gcumhacht shonrach sin a úsáid ar bhealach córasach** le haghaidh bainc faoi mhaoirseacht nuair a bheadh gá leis.

83 Maidir leis an gcúram atá ar JSTanna a áirithiú (i) go bhfuil soláthar tráthúil agus leormhaith ann le haghaidh INTanna, (ii) go bhfuil bainc ag cloí le caighdeáin chuntasaíochta agus (iii) go bhfuil bainistiú creidmheasa na mbanc (lena n-áirítear caighdeáin iasachtaithe, praghsáil, bainistiú riaráistí, bainistiú riosca) fónta, féach le do thoil míreanna ***71***-***76*** maidir le húsáid bearta maoirseachta. Go sonrach, fuaireamar, faoi threoir an tsampla de bhainc, **nach ndearna BCE** (i) bearta maoirseachta a thabhairt ina n-iarrfaí ar bhainc soláthairtí breise a bhreacadh sa leabhar, nó (ii) asbhaintí CET 1 a fhorchur (féach mír ***09***).

84 Fógraíodh i dTreoraíocht 2017 gurb í an chéad chéim eile ná go raibh sé beartaithe ag BCE 'fócas níos láidre a bheith aige ar thráthúlacht na soláthairtí agus na ndíscríobhanna a fheabhsú'. Go deimhin, in 2018 agus 2019, chuir sé leis an Treoraíocht sin trí na hionchais chlúdaigh, mar a thugtar orthu (tá seicheamh na n-imeachtaí taispeánta i ***bhFíor 9***):

---

[22] Rialachán (AE) 2019/630, Aithris (6).

[23] Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 (IFRS 9) – *Ionstraimí Airgeadais*, Roinn 5.5 – *Lagú*.

- i mí an Mhárta 2018, ghlac BCE Aguisín a bhí infheidhme maidir le **INTanna nua** agus iadsan amháin (i.e. iad sin a **aicmíodh amhlaidh ón 1 Aibreán 2018 ar aghaidh**). I gcás iasachtaí a thionscnaítear **i ndiaidh an 26 Aibreán 2019** agus na INTanna gaolmhara, ghlac reachtóirí an Aontais, i mí Aibreáin 2019, '**cúlstop stuamachta**' i bhfoirm asbhaintí CET 1 i gcás nach mbeadh INTanna clúdaithe go leordhóthanach ag soláthairtí nó ag coigeartuithe eile (féach mír ***81***);

- an 11 Iúil 2018, chuir sé in iúl le preaseisiúint go raibh na hionchais chlúdaigh infheidhme maidir le INTanna oidhreachta chomh maith (**iasachtaí a aicmíodh mar iasachtaí neamhthuillmheacha roimh mhí Aibreáin 2018**). Cuireadh mionsonraí den chur chuige sin ar fáil i dTeachtaireacht i mí Lúnasa 2019.

Fíor 9 – Croineolaíocht na rialacha is infheidhme maidir le INTanna



Foinse: CIE, bunaithe ar fhoilseacháin BCE agus ar an reachtaíocht.

85 Bhí na hionchais chlúdaigh ceaptha **aghaidh a thabhairt ar rioscaí stuamachta a bhaineann le leibhéal méadaithe na INTanna** a bhí sainaitheanta ag BCE (féach mír ***77***). Aithnímid an rogha beartais atá déanta ag BCE. Ní dhearnamar measúnú ar an réasúnaíocht ná ar an dlisteanacht a bhí leis. Ina ionad sin, dhírigh ár n-iniúchadh isteach ar chur chun feidhme agus ar thionchar an bheartais. Ba iad seo a leanas cuspóirí sonraithe[24] an bheartais:

- 'cabhrú le bainc **a gcuid INTanna a réiteach**';

- 'a chinntiú nach mbeidh **carnadh iomarcach** INTanna aosaithe nach bhfuil clúdaithe ag tarlú i gcláir chomhardaithe na mbanc amach anseo';

[24] Tá siad sin leagtha amach in Aguisín 2018 agus i dTeachtaireacht 2019.

- ‘a áirithiú nach ndéanfaidh bainc INTanna aosaithe **nach bhfuil soláthar leordhóthanach** ann dóibh **a charnadh**’.

86 Tá feidhm ag na hionchais sin **maidir leis na bainc go léir** a ndéanann BCE maoirseacht orthu. Cé go bhfuil sé lipéadaithe mar rud ‘neamhcheangailteach’ (féach mír ***80***), mura gcomhlíonann bainc ionchais chlúdaigh BCE, bíonn siad faoi réir cheanglas breise cholún 2 (ar a dtugtar forlíontán cholún 2), **gan beann ar leibhéil arda INTanna a bheith nó gan a bheith ag na bainc sin** (féach mír ***79***, an dara pointe urchair).

87 Den chéad uair riamh, thug na hionchais chlúdaigh sin coincheap ar a dtugtar **soláthair chéimneach (féilire)** isteach ar leibhéal an Aontais. Bhí na sceidil (féilire) chun soláthar iomlán stuamachta a bhaint amach bunaithe ar mheasúnú BCE trína ndearnadh na tionchair fhéideartha a bhreithniú le haghaidh gach aon bhanc aonair agus, mar thoradh air sin, trínar cruthaíodh trí ghrúpa de bhainc bunaithe ar a gcóimheasa INTanna faoi seach ag deireadh 2017. I gcás gach aon cheann de na trí ghrúpa, shainigh sé sceidil dhifriúla: deireadh 2024 go 2026 le haghaidh iasachtaí urraithe agus deireadh 2023 go 2025 le haghaidh iasachtaí neamhurraithe. Leis an gcur chuige a roghnaigh BCE, d’fhéach sé le cóimheá a aimsiú idir clúdach iomlán a bhaint amach agus an t-ualach airgeadais ar na bainc a scaipeadh amach de réir ama.

88 Bhíothas go mór i bhfách le soláthairtí stuamachta a mhéadú de réir a chéile thar thréimhse roinnt blianta, go dtí go mbeadh clúdach iomlán bainte amach, rud a bhí ceaptha an cur chuige ‘fan go bhfeicfimid’ ba léir a bheith ag bainc san am a caitheadh a dhíspreagadh, agus go mbeadh sé sin ina chumasóir don phríomhchuspóir i.e. INTanna a réiteach.

89 Bhí na hionchais chlúdaigh bunaithe ar an sonrú: dá fhaide a bhí iasacht neamhthuillmheach gurb airde an riosca nach dtiocfaidh na sreabha airgid a mbeifí ag dréim leo sa todhchaí chun fíre agus gurb ísle a bheadh an luach aisghabhála. Fiú amháin agus **nach príomhchuspóir ag BCE** a bhí in aghaidh a thabhairt ar chásanna ina raibh a mhéid a bhí bainc ag brath ar chomhthaobhacht, agus gan íocaíochtaí rialta a bheith ann, ina riosca stuamachta, i.e. **imní faoin leibhéal stuamachta**, spreagadh bainc leis an uasleibhéal soláthairtí ab fhéidir faoin gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme a bhreacadh sna leabhair i.e. bunaithe ar mheastachán réalaíoch den chaillteanas ionchasach don tsaolré (féach mír ***82***) nó a gcaipiteal (rialála) a choigeartú as a stuaim féin (asbhaintí deonacha CET 1). De réir **na gcaighdeán cuntasaíochta idirnáisiúnta, ní foláir soláthar iomlán a dhéanamh láithreach** do chaillteanais ionchasacha don tsaolré a thúisce a thagann iasacht chun bheith neamhthuillmheach (agus coigeartuithe a dhéanamh aon uair a thagann athrú ar dhálaí eacnamaíocha).

90 Cé go raibh sé mar aidhm ag BCE an cur chuige 'fan go bhfeicfimid' a dhíspreagadh agus go raibh sé go mór i bhfách le réiteach tráthúil (féach mír ***88***), thug sé **blianta do na bainc chun go ndéanfaidís de réir** a raibh sé ag dréim leis (féach mír ***87***). Mheas sé freisin gur ghá dáta tosaigh níos déanaí (i.e. 2020) agus conair chéimnithe isteach a thabhairt do na bainc. Rinne sé é sin in ainneoin go raibh níos mó ná leath de na INTanna oidhreachta neamhthuillmheach cheana féin ar feadh cúig bliana nó níos mó faoin am a mbeidís faoi réir ionchais chlúdaigh BCE. Mar shampla, d'fhéadfadh iasacht urraithe a bheith neamhthuillmheach cheana féin ar feadh seacht mbliana nó níos mó i mí an Mhárta 2018, ach ní bheadh gá le clúdach stuamachta iomlán go dtí 2026.

91 Maidir leis an dáta tosaigh níos déanaí, bhí sé sin ceaptha, *inter alia*, a bheith mar dhreasacht do bhainc a gcuid INTanna a réiteach go réamhghníomhach gan gá do BCE beart maoirseachta a fhorchur. Mar sin féin, **níor oibrigh sé mar a bhíothas ag dréim leis** mar nach ndearna go leor de na bainc beart go dtí go raibh an baol ann go ndéanfaí forlíontán cholún 2 **a chur i bhfeidhm den chéad uair i dtimthriall SREP 2021**. Dá mbainfí úsáid níos córasaí as cumhachtaí maoirseachta BCE (féach mír ***81***), **ag tosú in 2017**, agus dá spriocdhíreofaí ar na bainc sin a bhí sainaitheanta mar bhainc a raibh INTanna acu nach raibh clúdaithe go leordhóthanach, d'fhéadfadh torthaí níos tapa a bheith ann sa chás go raibh tearcscholáthar go deimhin ann i gcás na mbanc, bíodh sé sin ó thaobh na cuntasaíochta de nó ó thaobh na stuamachta de. Mar gheall ar an gcur chuige a bhí ag BCE, **níor réitíodh an tsaincheist d'aon iarraidh amháin ach foráladh do chonair chéimneach**.

92 Thairis sin, d'fhág an cur chuige sin **nár caitheadh go comhionann le bainc**. An chéad rud, ba í an éifeacht a bhí leis sin ná gur tugadh níos mó ama (suas le dhá bhliain) do bhainc a raibh méid níos airde INTanna acu nach raibh clúdaithe go leormhaith i gcomparáid le bainc a raibh clúdach tosaigh níos airde acu (féach mír ***87***).

93 An dara rud, fágann cur chuige BCE gur féidir le bainc na nithe is mó a thugann buntáiste dóibh féin a roghnú. Go deimhin, tá bealaí éagsúla ann chun clúdach INTanna a bhaint amach, faoi mar a bhfuil tuairisc orthu i ***dTábla 2***.

Tábla 2 – Bealaí chun clúdach agus tionchar gaolmhar a bhaint amach

Conas?	Cad a chiallaíonn sé sin? (tuairisc neamh-uileghabhálach)
Soláthairtí	Speansas a laghdaíonn brabúis bainc nó a mhéadaíonn a chaillteanais, arb iondúil go laghdaíonn sé sin tuilleamh coimeádta (clár comhardaithe). Is comhchuid de chaipiteal rialála CET 1 atá i dtuilleamh coimeádta (féach mír ***09***)
Asbhaint CET 1 (colún 1)	Laghdaíonn sé an caipiteal rialála CET 1 atá ar fáil chun na ceanglais chaipitil a chomhlíonadh.
Forlíontán P2R (colún 2)	Ceanglas caipitil a chaitear a chomhlíonadh go páirteach trí: — caipiteal rialála CET 1 (56.25 %), agus — comhchodanna caipitil eile. Féach ***Fíor 2***.

Foinse: Anailís CIE.

94 Ní ghabhann breiseán cholún 2 gar don chaipiteal atá ar fáil; níl ann ach go méadaíonn sé ach an ceanglas caipitil. Thairis sin, ní gá forlíontán cholún 2 a chlúdach le caipiteal CET 1 ach go 56.25 % (féach ***Tábla 2***). Is é caipiteal CET 1 an caipiteal rialála den cháilíocht is airde[25]. Dá réir sin, is minic gur lú costais a ghabhann le forlíontán cholún 2 i gcomparáid le hionstraimí eile, i.e. asbhaintí agus soláthairtí CET 1. Tá tionchar diúltach díreach agus níos airde ag asbhaintí agus soláthairtí CET 1 ar an gcaipiteal CET 1 atá ar fáil chun ceanglais chaipitil rialála a chlúdach.

95 An tríú rud, fuaireamar go bhfágann an cur chuige i leith cheanglas cholún 2 go bhfuil difríochtaí idir na bainc sin a rinne asbhaintí go réamhghníomhach nó a rinne soláthairtí a bhreacadh sa leabhar roimh an dáta tagartha (31 Nollaig na bliana roimhe sin, e.g. mí na Nollag 2020 do thimthriall SREP 2021) agus na bainc nach ndearna gníomhaíocht. Sin mar gheall nach dtagann forlíontán cholún 2 chun bheith éifeachtach go dtí go n-eisítear cinneadh SREP, arb iondúil leis sin tarlú thart ar aon bhliain amháin i ndiaidh an dáta tagartha. Is fíor é sin freisin i gcásanna ina ndéanann banc, ionas go seachnódh sé forlíontán cholún 2 a bheith forchurtha ina leith, gannchion tosaigh a laghdú trí ghníomhaíochtaí (soláthairtí den chuid is mó) a dhéanamh an bhliain dár gcionn. Go deimhin, cuireann BCE na soláthairtí breise sin san

[25] Tá cóimheas caipitil CET 1, i.e. an cóimheas idir an 'bunchaipiteal' agus na sócmhainní ualaithe ó thaobh riosca de atá ag banc, ag brath ar neart airgeadais foriomlán an bhainc.

áireamh sula ndéantar forlíontán deiridh cholún 2 a chinneadh, rud a thugann bliain bhreise do na bainc sin chomh maith.

96 I dtaca lena **rathúla** atá na hionchais chlúdaigh, **ní féidir measúnú a dhéanamh air sin go dtí** go mbeidh siad curtha chun feidhme ina n-iomláine **faoi dheireadh 2026**, i.e. naoi mbliana tar éis eisiúint na Treoraíochta maidir le INTanna. Cé nach bhfuil measúnú déanta againn ar an ngaolmhaireacht chúise idir gníomhaíochtaí BCE agus an laghdú ar INTanna ná **ar thionchar tosca eile** (féach mír ***15***), luíonn sé le réasún gur rannchuidigh gníomhaíochtaí BCE leis an laghdú leanúnach le cúig bliana anuas (féach ***Fíor 4***).

97 Ina ionad sin, bhí fócas amháin dár n-iniúchadh ar phróiseas cur chun feidhme na n-ionchas clúdaigh in 2021 nuair a d'úsáid BCE forlíontáin cholún 2 den chéad uair. I dtimthriall SREP 2021 (bunaithe ar shonraí deiridh bliana 2020, féach mír ***91***), rinne sé forlíontán cholún 2 i gcás gannchion clúdaigh a fhorchur ar 22 bhanc as 110. Go deimhin, chomhlíon tromlach na mbanc ionchais chlúdaigh maoirseachta BCE trí sholáthairtí a bhreacadh sa leabhar faoi dheireadh 2020. Leath na mbanc a fuair forlíontán cholún 2 faoi dheoidh, laghdaigh siad a ngannchion clúdaigh go suntasach, go príomha trí sholáthairtí a bhreacadh sa leabhar nó trí asbhaintí CET 1 a dhéanamh le linn 2021. Sa deireadh, ba é an soláthar an uirlis ba mhó a úsáideadh chun na hionchais a chlúdach.

98 Tríd is tríd, bhí forlíontáin cholún 2 le haghaidh INTanna oidhreachta do bhainc aonair ag dul ó 0.01 % go 0.30 %. Bhí siad:

- ina gcomhchuid an-bheag de cheanglais chaipitil fhoriomlána na mbanc. Bhí na ceanglais chaipitil fhoriomlána sin ag 13.50 % ar an meán i ndiaidh SREP 2021;
- an-bheag freisin i gcomparáid le forlíontáin 'rialta' cholún 2: ba é 2.24 % an meán a bhí acu ar fud phobal SAM agus ba é 3.90 % an t-uasmhéid a forchuireadh (féach mír ***61***). Ar an iomlán, tháinig méadú 0.20 pointe céatadáin ar cheanglais cholún 2 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a tionscnaíodh go príomha trí fhorlíontán cholún 2 a bheith forchurtha i gcás ionchais chlúdaigh BCE.

99 Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpróiseas chun forlíontán cholún 2 a ríomh:

(1) Ríomh an ghannchion roimh dhíolúintí (= ionchais chlúdaigh lúide an clúdach atá ar fáil (e.g. soláthairtí));

(2) Díolúintí féideartha a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu;

(3) Ríomh an ghannchion i ndiaidh díolúintí;

(4) Coigeartuithe i ndiaidh an dáta tagartha (amhail soláthairtí breise nó diúscairtí INTanna);

(5) Ríomh agus forchur fhorlíontán críochnaitheach cholún 2.

100 Sa bhreis ar a n-oibleagáidí tuairiscithe rialta, bhí ar na bainc sonraí sonracha a chur isteach chun na hionchais chlúdaigh agus an soláthar caipitil a bhí ar fáil le haghaidh soláthar stuamachta a chinneadh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na bainc cásanna a shainaithint ina mbeadh clúdach níos mó ná 100 % ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm na n-ionchas clúdaigh. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh na bainc díolúintí a iarraidh, e.g. gan na INTanna sin a áireamh a raibh íocaíochtaí rialta príomhshuime agus úis as a leanann aisíocaíocht iomlán á ndéanamh ina leith.

101 Bhí ar BCE creatúlacht thuairisciú na mbanc a sheiceáil i gcomhréir le nósanna imeachta caighdeánacha BCE. Rinneadh díolúintí féideartha a mheasúnú trí mheascán d'anailís uathoibrithe agus anailís cás ar chás chun a áirithiú go raibh na hionchais mhaoirseachta iomchuí i ngach cás, go háirithe ar comhlíonadh na critéir maidir le díolúine. Sa deireadh, níor ghlac BCE ach le 18 % de na díolúintí a d'iarr bainc, arb ionann iad sin agus thart ar 12.3 % den laghdú ar an ngannchion (tosaigh).

102 Sa bhreis air sin, chuir BCE coigeartuithe i ndiaidh an dáta tagartha i bhfeidhm ar an ngannchion tar éis díolúintí, sular forchuireadh forlíontán cholún 2 trí chinneadh SREP. Lig na coigeartuithe sin do bhainc na nithe seo a leanas a chur san áireamh: méaduithe ábhartha i soláthairtí (féach mír ***95***), asbhaintí caipitil, díscríobh iomlán nó diúscairtí INTanna a rinneadh tar éis an 31 Nollaig 2020; arb ionann iad sin agus 46.1 % den laghdú ar an ngannchion a baineadh amach.

103 I gcás na mbanc a fuair forlíontán cholún 2, bhí amanna ann nach raibh an próiseas críochnaithe fiú amháin tar éis ghlacadh chinneadh críochnaitheach SREP (féach ***Fíor 6*** don amlíne). Trí úsáid a bhaint as teimpléad tuairiscithe ar leith, d'fhéadfaidís cur isteach ar choigeartuithe breise i rith na bliana.

104 Cé go bhfuil uirlisí sonracha TF ag BCE chun anailís a dhéanamh ar na teimpléid a chuirtear isteach agus go gcabhraíonn siad sin leo díriú ar na cásanna sin ar gá obair leantach a dhéanamh ina leith leis na bainc, bhí an próiseas iomlán, go háirithe an measúnú ar dhíolúintí, dian ar acmhainní agus ar am. Go deimhin, fuaireamar go ndearnadh, ar an iomlán, 55 theimpléad tuairiscithe ó 33 bhanc a chur isteach an athuair agus go bhfuil líon na dteimpléad a cuireadh isteach an athuair ón 1 Bealtaine 2021 fós ard.

Conclúidí agus moltaí

105 Ar an iomlán, thángamar ar an gconclúid gur chuir BCE dlús lena iarrachtaí maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na mbanc, agus go háirithe ar iasachtaí neamhthuillmheacha (INTanna). Caithfear níos mó a dhéanamh, áfach, chun go mbeidh BCE in ann dearbhú méadaithe a fháil go bhfuil an riosca creidmheasa á bhainistiú agus á chlúdach go cuí. Tá sé sin tábhachtach mar gur féidir le rialuithe laga i riosca creidmheasa agus easpa clúdaigh ag na bainc an bonn a bhaint óna n-inmharthanacht agus ó inmharthanacht an chórais airgeadais.

106 Is measúnú cuimsitheach ar an bPróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREP) an bhunchloch atá le maoirseacht éifeachtúil a dhéanamh ar na bainc. Tríd is tríd, rinne BCE na caighdeáin sheachtracha a thiontú isteach ina dtreoraíocht a bheadh le húsáid ag maoirseoirí, ach d'fhág gnéithe áirithe den treoraíocht sin (go háirithe i gcás measúnuithe ar an rialú riosca creidmheasa) go raibh cur chuige neamhréireach sna measúnuithe a rinne comhfhoirne maoirseachta. Maidir leis na measúnuithe ar an riosca creidmheasa iarbhír a bhí ag bainc, fuaireamar roinnt easnamh sa chaoi ar cuireadh i gcrích iad, ach go raibh siad, ar an mórchóir, ag comhlíonadh na gcaighdeán ábhartha (féach míreanna ***26***-***33***).

107 Tá uirlisí tagarmharcála BCE deartha go maith agus úsáideann na comhfhoirne maoirseachta iad chun léargas cuí a fháil ar fhionnachtana a bhaineann go sonrach leis na bainc. Mar sin féin, fuaireamar go n-úsáideann uirlisí áirithe tairseacha atá as dáta agus nach bhfuil siad comhtháite go leordhóthanach le córais eile a úsáidtear chun a measúnuithe SREP a dhéanamh agus a dhoiciméadú, rud a d'fhág go raibh ualach níos mó ag baint le hobair na gcomhfhoirne maoirseachta (féach míreanna ***34***-***36***).

108 Ceanglaítear leis an gcaighdeán ábhartha gur cheart acmhainní maoirseachta a shocrú go neamhspleách ar bhealach nach mbaineann an bonn ó uathriail ná ó neamhspleáchas oibríochtúil maoirseoirí. Ag tosú ó 2023, chinn BCE, áfach, gan líon na ndaoine a mhéadú dá chraobh baincéireachta ceannais agus dá chraobh mhaoirseachta. Mar sin féin, féadfaidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta acmhainní breise a iarraidh in imthosca sonracha, ach is le Comhairle Rialaithe BCE a fhanann an cinneadh críochnaitheach. Thairis sin, ós rud é nach ndéanann BCE an gaol idir riachtanais agus acmhainní a thomhas a thuilleadh, ní fhaigheann sé aon dearbhú go bhfuil na cúraimí atá beartaithe á gcomhlíonadh de réir a chaighdeáin féin (féach míreanna ***37***-***40*** agus ***44***-***45***).

109 Thairis sin, tá 9 gcinn as na 22 mhaoirseoir náisiúnta (údaráis inniúla náisiúnta) fós gann ó thaobh daoine a chur ar fáil le haghaidh comhfhoirne maoirseachta i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh, agus níor tháinig acmhainní breise ó na húdaráis inniúla náisiúnta as iarrachtaí céim-mhéadaitheacha BCE. Chomh maith leis sin, tá roinnt acu nach gcuireann foireann leormhaith ar fáil le haghaidh cigireachtaí ar an láthair, agus d'fhág sé sin go raibh gníomhaíocht faoi bhun an leibhéil riachtanais a bhí measúnaithe ag BCE féin (féach míreanna ***41***-***43*** agus ***46***-***47***).

Moladh 1 – Measúnuithe riosca na mbanc a neartú

Ba cheart do BCE éifeachtúlacht an phróisis measúnaithe maoirseachta a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Feabhas a chur ar phróisis treoraíochta agus tagarmharcála do mhaoirseoirí (go háirithe le haghaidh measúnuithe ar rialú riosca creidmheasa) agus próiseas dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéantar measúnuithe riosca creidmheasa ar bhealach iomlán;

(b) Neamhspleáchas oibríochtúil BCE, mar mhaoirseoir, a choimirciú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

  (i) Leibhéil foirne maoirseachta BCE a leagan síos agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar riachtanais, agus é sin a bheith neamhspleách ar an straitéis i ndáil leis an bhfoireann baincéireachta ceannais atá ag BCE;

  (ii) Spreagadh a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta a ngealltanais a chomhlíonadh maidir le foireann a chur ar fáil trí na nósanna imeachta céim-mhéadaitheacha atá ann cheana féin a úsáid go mionchúiseach.

Spriocdháta don chur chun feidhme: le haghaidh fomholadh (a) – R4 2023 (i gcomhair thimthriall SREP 2024); le haghaidh fomholadh (b) – R2 2024

110 In 2021, rinneadh cinntí críochnaitheacha SREP a eisiúint 13 mhí i ndiaidh an dáta tagartha, rud a thóg níos faide ná mar a thóg sé na blianta roimhe sin agus i gcomparáid le maoirseoirí eile. Tugann amlíne fhada den sórt sin le tuiscint go raibh an cinneadh críochnaitheach bunaithe ar mheasúnú riosca nach raibh cothrom le dáta (féach míreanna ***50*** agus ***52***) agus nach raibh rioscaí á mbainistiú ar bhealach tráthúil nó nach raibh siad á gclúdach go leordhóthanach.

111 D'fhág céimeanna idirphlé agus formheasa thimthriall SREP go raibh neamhéifeachtúlachtaí sa phróiseas. Á dtógáil le chéile, mhair siad sin dhá uair chomh

fada leis na céimeanna measúnaithe agus tagarmharcála. Is próiseas nós imeachta seachas próiseas substainteach a bhí sna próisis chun dul i gcomhchomhairle leis na bainc (an t-idirphlé maoirseachta agus an tréimhse don 'cheart chun éisteacht a fháil'), agus is beag athrú a rinneadh ar an méid a chuir BCE in iúl do na bainc go neamhfhoirmiúil leathbhliain sular eisíodh cinneadh críochnaitheach SREP (féach mír ***51***).

Moladh 2– An próiseas don athbhreithniú agus meastóireacht maoirseachta a shruthlíniú

Ba cheart do BCE feabhas a chur ar éifeachtúlacht an timthrialla maoirseachta trí chéimeanna an idirphlé agus an fhormheasa a ghiorrú agus trí chinntí críochnaitheacha a eisiúint laistigh de 10 mí ón dáta tagartha.

Spriocdháta don chur chun feidhme: R4 2023 (i gcomhair thimthriall SREP 2024)

112 Chuir BCE modheolaíocht nua i bhfeidhm in 2021 chun a chinneadh cá mhéad caipitil nach mór do bhanc a shealbhú (ceanglas cholún 2 nó P2R), thar an íosmhéid rialála, chun rioscaí sainaitheanta a chlúdach. Fágann an mhodheolaíocht sin agus cur i bhfeidhm na modheolaíochta sin nach bhfuil rioscaí aonair (lena n-áirítear riosca creidmheasa) nasctha go soiléir le ceanglas cholún 2 faoi mar atá sé forchurtha, agus níor aimsigh muid fianaise gur chainníochtaigh BCE na rioscaí sin do gach banc (féach míreanna ***53***-***60*** agus ***70***). Dá bhrí sin, níl aon dearbhú ann do BCE go bhfuil rioscaí clúdaithe go hiomlán.

113 Tá raonta in aghaidh an scóir riosca réamhshainithe ag BCE a bhfuiltear ag dréim leis go roghnóidh maoirseoirí ceanglas cholún 2 astu. Níl nasc sonrach ag na raonta réamhshainithe sin leis na rioscaí agus tá na raonta sin ag forluí go mór ar a chéile, rud a chiallaíonn gur féidir le banc a bhfuil riosca níos ísle aige ceanglas cholún 2 níos airde a fháil ná banc a bhfuil riosca níos airde aige. Maidir leis na bainc a bhfuil an riosca is airde acu, roghnaigh BCE ceanglais cholún 2 ar bhealach comhsheasmhach ag fíor-íochtar na raonta réamhshainithe (féach míreanna ***61*** agus ***63***-***68***). Chabhraigh sé sin le bainc nach mbeadh dóthain caipitil acu chun ceanglais níos airde a chomhlíonadh.

114 Tá próiseas fónta measúnaithe caipitil ar leibhéal an bhainc ríthábhachtach don bhainistiú riosca. Fuaireamar nach ndearna BCE ceanglais cholún 2 a choigeartú suas go córasach mar fhreagairt ar an uair a fuair sé nach raibh measúnuithe na mbanc féin

ar leormhaitheas caipitil (ICAAP) iontaofa agus fuaireamar freisin nár leanadh an treoraíocht inmheánach (féach mír ***62***).

115 Tugann BCE bearta cáilíochtúla do bhainc freisin. Sin treoracha do bhainc á rá leo gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh chun dul i ngleic le rioscaí sainaitheanta. Sa phobal de bhainc faoi mhaoirseacht, thugamar patrún faoi deara a léirigh nach raibh BCE ag céim-mhéadú na mbeart maoirseachta go leordhóthanach nuair a bhí riosca creidmheasa ard agus leanúnach (féach míreanna ***71***-***76***) rud a chiallaíonn nár áirithigh sé go raibh rioscaí á mbainistiú go maith ag na bainc.

116 Le blianta beaga anuas, chuir BCE brú ar bhainc i gcóras baincéireachta an Aontais aghaidh a thabhairt ar INTanna oidhreachta. Tá laghdú tagtha ar INTanna le blianta anuas agus tá siad ag laghdú go leanúnach ó 2017 i leith. Cé nach bhfuil measúnú déanta againn ar an ngaolmhaireacht chúise idir beartas BCE (go háirithe a ionchais chlúdaigh) agus an laghdú ar INTanna, luíonn sé le réasún go raibh gníomhaíochtaí BCE ar cheann de roinnt tosca a rannchuidigh leis an laghdú sin. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh rath faoi dheoidh ar an mbeartas go dtí go mbeidh sé curtha chun feidhme go hiomlán faoi dheireadh 2026, i.e. naoi mbliana tar éis eisiúint na Treoraíochta maidir le INTanna (féach míreanna ***15***, ***84*** agus ***96***).

117 Tá cumhachtaí maoirseachta ag BCE chun aghaidh a thabhairt ar bheartais soláthair na mbanc i gcás nach bhfuil próisis agus sonraí fónta ag na bainc chun INTanna a shainaithint agus a thomhas. I measc nithe eile, de bhun Airteagal 16 (2) (d) de Rialachán SAM, is féidir le BCE a cheangal ar bhainc coigeartuithe sonracha (amhail asbhaintí) a chur i bhfeidhm ar ríomhanna cistí dílse i gcás ina meastar nach bhfuil an cur chuige cuntasaíochta a chuireann banc i bhfeidhm stuama ó thaobh maoirseachta de, mar shampla, i gcás ina mbíonn bainc ag brath go mór ar chomhthaobhacht is annamh a réadaítear. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcomhthéacs dul i ngleic le INTanna, faoi mar a tharraing an Coimisiún aird air ina athbhreithniú ar SAM 2017. Thugamar faoi deara nár úsáid BCE an chumhacht sin go córasach chun na críche sin (féach míreanna ***79***-***83***).

118 Tá beartas níos leithne is infheidhme maidir leis na bainc go léir ceaptha agus curtha chun feidhme ag BCE: díriú isteach ar réiteach tráthúil INTanna oidhreachta, ionas go mbainfear de chláir chomhardaithe na mbanc iad agus ionas nach mbeidh siad ag carnadh amach anseo. Chuige sin, bhí BCE ag brath go háirithe ar ionchais chlúdaigh, mar a thugtar orthu. Is éard a bhí i gceist leis an gcur chuige sin ná forlíontán cholún 2 a fhorchur i gcás nach réitíonn na bainc INTanna oidhreachta le himeacht ama nó nach mbíonn siad in ann an clúdach a bheith acu trí mhodhanna eile

(soláthair (chuntasaíochta) bhreise, asbhaintí stuamachta CET 1, nó díscríobh agus diúscairtí INTanna) chun feidhmiú mar chumasóir. Ba é an cuspóir a bhí ann ná cur chuige 'fan go bhfeicfimid' na mbanc a dhíspreagadh agus dreasacht a thabhairt dóibh gníomhú go réamhghníomhach, gan idirghabháil níos láidre ó BCE. Ba í an sprioc bheartais a bhí ann ná gan forlíontáin cholún 2 den sórt sin a fhorchur *per se* (féach míreanna ***84***-***86*** agus ***88***).

119 Níor oibrigh cur chuige BCE mar a bhíothas ag súil leis, áfach, mar gurb é an toradh a bhí air ná nár fhreagair bainc ach amháin nuair a bhí an baol ann go bhféadfaí forlíontán cholún 2 a chur i bhfeidhm; ar rud é sin a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair i dtimthriall SREP 2021. Dá mbainfí úsáid níos túisce agus níos córasaí as cumhachtaí maoirseachta BCE, ag tosú in 2017, d'fhéadfadh torthaí níos tapa a bheith ann sa chás go raibh tearcsholáthar go deimhin ann i gcás na mbanc, bíodh sé sin ó thaobh na cuntasaíochta de nó ó thaobh na stuamachta de. Mar gheall ar an gcur chuige a bhí ag BCE, níor réitíodh an tsaincheist d'aon iarraidh amháin ach foráladh do chonair chéimneach (féach míreanna ***87*** agus ***89***-***91***).

120 Is é an toradh atá ar dhearadh chur chuige BCE lena gceanglaítear forlíontáin cholún 2 a fhorchur ná go mbítear ag caitheamh go míchothrom le bainc. Ar an gcéad dul síos, tá ionchais soláthair BCE níos boige le bainc a bhfuil an stoc is airde INTanna acu, ag tabhairt an méid is mó ama dóibh don chomhlíonadh – suas le naoi mbliana tar éis eisiúint na Treoraíocht maidir le INTanna. Chomh maith leis sin, i gcomparáid le bainc a dhéanann gannchion soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann a chlúdach go réamhghníomhach, tugann BCE 13 mhí bhreise do bhainc a bhfuil gannchion orthu fós tar éis an dáta tagartha chun réiteach a fháil don ghannchion sin. Agus ansin, cuireann cur chuige BCE ar chumas na mbanc gníomhú ar an mbealach is mó a thugann buntáiste dóibh féin (i.e. soláthairtí a bhreacadh sa leabhar, nó caipiteal CET 1 a laghdú nó glacadh le forlíontán cholún 2) (féach míreanna ***92***-***95***).

121 Bhí tuairisciú breise ó na bainc go léir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil leibhéal íseal INTanna acu, i gceist le cur chuige roghnaithe BCE. Bhí an próiseas chun forlíontáin cholún 2 a fhorchur (a bhí á rith den chéad uair in 2021) casta agus dian ar acmhainní do mhaoirseoirí agus do bhainc, agus d'fhág sé sin go raibh neamhéifeachtúlacht éigin ann. Chomhlíon formhór na mbanc (thart ar 80 %) ionchais chlúdaigh BCE trí sholáthar cuntasaíochta a dhéanamh roimh thimthriall SREP, nó trí choigeartuithe breise le linn na bliana dár gcionn. Forchuireadh forlíontáin cholún 2, faoi dheoidh, ar sciar teoranta de na bainc agus bhí a méid beag i gcomparáid leis na ceanglais chaipitil fhoriomlána (féach míreanna ***97***-***104***).

Moladh 3 – Bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm a bheidh in ann clúdach agus bainistiú fónta rioscaí ag na bainc a áirithiú ar bhealach níos fearr.

Ba cheart do BCE éifeachtúlacht agus trédhearcacht an phróisis maoirseachta a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Leasú a dhéanamh ar a mhodheolaíocht chun ceanglais cholún 2 a ríomh ar mhaithe le dearbhú a thabhairt go bhfuil na rioscaí ábhartha go léir á gclúdach, lena n-áirítear:

(i) gach riosca aonair a shainaithint agus a chainníochtú, de réir mar a cheanglaítear a dhéanamh de réir threoirlínte ÚBE;

(ii) ceanglais chaipitil a fhorchur lena n-áirithítear go ndéantar na rioscaí aonair sin a chlúdach go leormhaith, go háirithe i gcás ina bhfuil rioscaí ard agus seasmhach;

(iii) cúiseanna a thabhairt i gcinntí SREP lena dtugtar bonn cirt soiléir do cheanglais cholún 2 ar bhonn riosca ar riosca chun trédhearcacht iomlán i leith na mbanc a áirithiú.

(b) Raon **iomlán** a chumhachtaí maoirseachta i gcás inar gá sin, nuair nach dtugann banc aghaidh go héifeachtach ar laigí leanúnacha sa rialú riosca (lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le soláthar).

(c) An mhodheolaíocht atá aige i ndáil le giniúint cheanglais cholún 2 a fhoilsiú.

Spriocdháta don chur chun feidhme: R4 2024

Is é Seomra IV, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg an 18 Aibreán 2023.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

Iarscríbhinn

Iarscríbhinn I – Obair leantach ar Thuarascáil speisialta 29/2016: An Sásra Aonair Maoirseachta – Tús maith déanta ach feabhsuithe breise de dhíth

Leibhéal tráthúlachta: tráthúil; moill; gan dul thar an sprioc-am; gan aon ghníomhaíocht leantach déanta mar gur dhiúltaigh BCE an moladh; gan aon sprioc-am leagtha síos don chur chun feidhme; thogair BCE gan é a chur chun feidhme tar éis tuilleadh anailíse a bheith déanta aige.

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
1	Cinntí áirithe a tharmligean chuig leibhéil níos ísle; tuilleadh treorach i bhfoirm seicliostaí, teimpléad agus sreabhchairteacha le haghaidh gach cinnidh.	X				Rinne BCE anailís chuimsitheach ar an gcreat tarmligin, lena n-áirítear breithniú ar chumhachtaí náisiúnta. Chomh maith leis sin, d'fhorbair sé liosta cuimsitheach de dhoiciméid le haghaidh cinnteoireachta agus teimpléid ghaolmhara.	
2 (i)	Measúnú ar na rioscaí a bhaineann le seirbhísí comhroinnte; na coimircí riachtanacha is gá agus an faireachán ar		X			Rinne BCE anailís riosca chuimsitheach agus rinneadh roinnt coimircí (e.g. línte tuairiscithe ar leith i gcomhair roinnt seirbhísí) a chur i bhfeidhm. I gcomhthéacs na hanailíse, ní dhearna BCE	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
	chomhlíonadh a chur chun feidhme, agus a áirithiú go léirítear riachtanais na bhfeidhmeanna maoirseachta ina n-iomláine					roinnt Ardstiúrthóireachtaí (e.g. An Ard-Stiúrthóireacht um an Beartas Macrastuamachta, an Ard-Stiúrthóireacht um Eacnamaíocht) a aicmiú mar sheirbhísí comhroinnte ach is amhlaidh go ndearna sé iad a aicmiú mar sheirbhísí a bhí leithdháilte go hiomlán d'fheidhm na baincéireachta ceannais (i.e. beartas airgeadaíochta), agus é sin amháin, cé go gcuireann siad ionchur ar fáil freisin don taobh maoirseachta i gcomhthéacs na tástála struis. Níl sé seo *per se* ar neamhréir le prionsabal na deighilte. Fós féin, ní dhearnadh anailís riosca, breithniú ar choimircí ná faireachán ar chomhlíonadh ina leith sin (e.g. an bhféadfadh comhroinnt tagarmharcanna riosca creidmheasa a úsáidtear chun críocha macrastuamachta difear a dhéanamh do roghanna beartais i maoirseacht baincéireachta). Níl aon treoracha	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						eagraíochtúla ar leith ann maidir le conas faireachán nó doiciméadú a dhéanamh ar fhaireachán den sórt sin agus conas tuairisciú ar rioscaí a eascraíonn as seirbhísí comhroinnte i ndáil le prionsabal na deighilte faoi mar atá leagtha amach in Airteagal 25 (2) de Rialachán SAM.	
2 (ii)	Tá línte tuairiscithe ar leith i bhfeidhm sa chás gur acmhainní maoirseachta sonracha atá i gceist.				X	Diúltaíodh don mholadh ag an am agus ní dhearnadh aon obair eile air.	⊗
2 (iii)	Rannpháirtíocht níos láidre i bpróiseas buiséadach agus i bpróiseas cinnteoireachta gaolmhar an bhoird mhaoirseachta				X	Diúltaíodh don mholadh ag an am agus ní dhearnadh aon obair eile air.	⊗
3	Acmhainní leordhóthanacha a shannadh don chumas iniúchóireachta		X			Tháinig iniúchadh inmheánach ar thopaicí maoirseachta chun bheith níos críochnúla agus tháinig feabhas ar staid na n-acmhainní. Cuireadh deireadh	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
	inmheánaí ionas gur féidir réimsí ardriosca agus meánriosca a chlúdach					leis an taifeadadh ama. Measann BCE go n-úsáidtear thart ar 10 gcoibhéis lánaimseartha ar an meán ar chúraimí a bhaineann le SAM agus go n-úsáidtear thart ar trí cinn le haghaidh pleanáil, faireachán riosca agus fiosrúcháin riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Tar éis anailís riosca aonair a dhéanamh, níl ach topaicí roghnaithe sna réimsí ardriosca clúdaithe (e.g. iad sin atá ag teip nó ar dócha go dteipfidh siad i mbainistiú géarchéime, agus iadsan amháin). Cé gur rogha réasúnach é sin bunaithe ar réamh-mheasúnú, caithfear dlúthfhaireachán breise a dhéanamh ar staid na n-acmhainní chun a mheasúnú go bhfuil clúdach réasúnach ann laistigh de na réimsí ardriosca agus meánriosca.	
4	Comhar leis an gCúirt Iniúchóirí	X				Rinneadh an t-iniúchadh ar bhainistiú géarchéime BCE sula ndearnadh an Meabhrán Tuisceana idir an Chúirt	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						Iniúchóirí agus BCE a thabhairt i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2019. Maidir le hiniúchtaí a rinneadh tar éis thabhairt i gcrích an Mheabhráin Tuisceana, tá an fhaisnéis atá riachtanach don Chúirt chun iniúchtaí a dhéanamh curtha ar fáil ag BCE.	
5	Socruithe a chur ar bhonn foirmiúil chun faisnéis maidir le feidhmíocht mhaoirseachta agus maidir le húsáid suirbhéanna a thomhas agus a fhoilsiú go poiblí.			X		Trí fhaisnéis agus táscairí a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil BCE maidir le maoirseacht baincéireachta (lena n-áirítear na tosaíochtaí maoirseachta agus na rioscaí), tugtar míniú ar ghníomhaíocht mhaoirseachta agus tugtar faisnéis a bhaineann leis an mbanc a fhágann go bhfuil léargas foriomlán ann a chuidíonn le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht mhaoirseachta. Tá gá fós le díriú isteach níos mó ar thosaíochtaí/cuspóirí maoirseachta a chur i gcomparáid le feidhmíocht agus le torthaí. Cuireadh tús le	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						roinnt sreabha oibre, lena n-áirítear treoirscéim chun éifeachtacht na maoirseachta ar institiúidí nach bhfuil chomh suntasach sin a thomhas. Cé gur ghlac an Bord Maoirseachta creat le haghaidh suirbhé tionscail i mí na Nollag 2018, níl aon suirbhé déanta go fóill.	
6	Creat-Rialachán SAM a leasú chun gealltanais ÚINanna a chur ar bhonn foirmiúil agus chun a áirithiú go mbeidh gach ÚIN rannpháirteach go hiomlán agus go comhréireach in obair JST.			X		Mheas BCE in 2017 go bhféadfadh sé nach mbeadh gá le leasú ar Chreat-Rialachán SAM. Níl aon leasú déanta ag na comhreachtóirí. Go deimhin, measann sé gur cheart go n-oibreodh SAM bunaithe ar phrionsabal an chomhair de mheon macánta. Tá mionsonraí maidir leis na hacmhainní atá curtha ar fáil le haghaidh gníomhaíocht ar an láthair leagtha amach i míreanna ***41***-***43*** agus le haghaidh soláthar acmhainní ÚIN i míreanna ***46***-***47***. Féach freisin ***Moladh 1*** (b) (ii) ina n-iarrtar ar BCE a áitiú ar mhaoirseoirí náisiúnta a	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						ngealltanais a chomhlíonadh trí na nósanna imeachta céim-mhéadaitheacha atá ann cheana féin a úsáid go mionchúiseach.	
7	Forbairt ar phróifílí róil agus foirne, agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na ndaoine den fhoireann a chuireann ÚINanna ar fáil agus measúnú ar a bhfeidhmíocht ina dhiaidh sin			X		Forbraíodh próifíl chuimsitheach róil (ina bhfuil 15 speisialtóireacht). Níor forbraíodh aon phróifíl róil do stiúrthóir ná do cheann rannáin. Forbraíodh próifílí foirne ach níl siad formheasta go foirmiúil fós cé go bhfuil BCE á n-úsáid ar bhonn *de facto*. Níl aon phróiseas ann fós chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na ndaoine aonair ar fhoirne JST nach dtagann ó BCE – níl ann ach aiseolas a thabhairt don fho-chomhordaitheoir JST san ÚIN maidir le feidhmíocht na foirne. Dá bhrí sin, níl aon tionchar ag an aiseolas ar an mbreithmheas feidhmíochta aonair ar leibhéal ÚIN. Níl aon phróiseas ann chun diúltú do dhaoine atá molta le bheith ar JST. Ar an iomlán, tá BCE ag	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						brath ar thoilteanas agus cumas an ÚIN go mbeidh siad ag comhoibriú de mheon macánta.	
8	Bunachar sonraí láraithe, caighdeánaithe agus cuimsitheach de scileanna agus taithí fhostaithe JST (ó ÚINanna agus BCE araon) a bhunú agus a chothabháil			X		Rinneadh stocáireamh ar réitigh ÚIN atá ann cheana féin. Cé go mbeadh bunachar sonraí indéanta ó thaobh an dlí de, dhiúltaigh ÚINanna don smaoineamh sin. I gcás daoine d'fhoireann BCE agus ÚIN, rinneadh ardán comhroinnte eolais ar a dtugtar SSMnet a sheoladh lena n-aghaidh i mí an Mheithimh 2021. Tagann sé seo faoi fheidhmiúlacht próifíle úsáideora lena n-áirítear mionsonraí teagmhála, teidil phoist agus tuilleadh eolais ar bhonn deonach (saineolas, taithí roimhe seo, oideachas). Is túsphointe maith é an tionscnamh seo sna cúinsí sin cé nach bunachar sonraí cuimsitheach de scileanna agus taithí atá ann faoi láthair. Thairis sin, caithfidh foireann ÚINanna agus BCE a bheith sásta feidhmiúlacht phróifíle	↻

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						SSMnet a úsáid chun go mbeidh an t-ardán úsáideach mar bhealach chun tallanna a shainaithint.	
9	Curaclam oiliúna a chur chun feidhme don mhaoirseacht baincéireachta. Rannpháirtíocht éigeantach a áirithiú ar comhréir le riachtanais ghnó agus smaoineamh ar chlár deimhniúcháin a thabhairt isteach.		X			Forbraíodh clár oiliúna a bhí deartha go maith, a raibh oiliúint atá dírithe ar inneachar mar chuid de. Is mór an t-éacht é an méadú atá tagtha ar rannpháirtíocht le blianta beaga anuas. Faoi láthair, níl aon chuid den oiliúint éigeantach. Mar sin féin, bhí foireann oiliúna SSM ag obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar chlár insealbhaithe reatha SSM ó mhí na Nollag 2021 agus thosaigh sí ag obair i mí Feabhra 2023 ar Chlár nua um Cháilíochtaí Bunúsacha SAM ina bhfuil oiliúint éigeantach, ach gur féidir gan modúil áirithe a dhéanamh ag brath ar phróifílí foirne agus ar na cáilíochtaí atá ag daoine cheana féin.	
10	Modheolaíocht rioscabhunaithe a fhorbairt agus a chur			X		Tá an sprioclíon foirne de réir braisle banc sainithe ag BCE agus d'úsáid sé iad sin go	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
	chun feidhme chun sprioclíon na foirne agus comhdhéanamh na scileanna a chinneadh, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go bhfuil na hacmhainní ar comhréir le méid, castacht agus próifíl riosca na hinstitiúide faoi mhaoirseacht.					dtí 2019 mar thagarmharcanna chun foláireamh a thabhairt i dtaobh gannchion foirne a d'fhéadfadh a bheith ann. Cé nach ndearnadh cúltástáil fhoirmiúil ar na spriocanna, rinneadh measúnú cáilíochtúil ar a n-oiriúnacht ar bhonn suirbhé foirne JST. Tá mionsonraí faoin gcaoi a ndéanann BCE deighilt idir an beartas airgeadaíochta agus maoirseacht baincéireachta leagtha amach i mír ***45***. Tá mionsonraí faoi sholáthar acmhainní ÚINanna leagtha amach i míreanna ***46-47***. Ar an iomlán, tá rannpháirtíocht ÚINanna in JSTanna laistigh den chonair inmhianaithe (i.e. idir ar a laghad 25 % agus 80 % de ghníomhaíocht an duine atá tiomnaithe d'obair JST, agus gur le hobair ÚINanna a chaitear an chuid eile de sin). In 2021, cuireadh gné cháilíochtúil leis an suirbhé foirne.	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						De réir BCE, i roinnt ÚINanna, is é suntasacht na mbanc óstach is cúis le ráta íseal rannpháirtíochta chomhaltaí JST. Sna cásanna sin, tugtar foireann ÚIN isteach chun páirt a ghlacadh i maoirseacht bainc ar leibhéal grúpa agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfochuideachta ina dtír féin ar leibhéal aonair.	
11	Athbhreithniú agus nuashonrú ar an tsamhail bhraislithe.	X				Tá an tsamhail bhraislithe bunaithe ar rioscaí agus déantar é a nuashonrú go minic. Ní raibh ach moill bheag ar an gcur chun feidhme i gcomparáid leis an spriocdháta don chur chun feidhme.	
12	Láithreacht BCE i gcigireachtaí ar an láthair a neartú go suntasach. Méadú ar chigireachtaí ar an láthair faoi stiúir ÚIN nach maoirseoir baile nó nach maoirseoir óstach é.			X		Nuair a cruthaíodh ardstiúrthóireacht ar leith le haghaidh cigireachtaí ar an láthair agus le haghaidh cigireachtaí ar shamhlacha inmheánacha (AS OMI), cuireadh feabhas laistigh de BCE ar acmhainneacht na gcigireachtaí ar an láthair. Tháinig laghdú, áfach, ar	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
						rannchuidiú fhoireann BCE le cigireachtaí ar an láthair idir 2016 agus 2022. Ar an lámh eile, tháinig méadú suntasach ar líon na gcigireachtaí faoi stiúir BCE. Rinneadh feabhsuithe as cuimse ar mhisin trasteorann, ach mar thoradh ar shrianta sláinte poiblí a bhain le paindéim COVID-19, tháinig laghdú ar chuairteanna ar an láthair sna blianta 2020 agus 2021. Tá mionsonraí faoin acmhainneacht chomhcheangailte atá ag BCE agus ÚINanna leagtha amach i mír ***46*** (lena n-áirítear cinneadh mhí na Nollag 2022 chun acmhainní BCE a mhéadú), agus i mír ***43*** insítear cad iad na hiarmhairtí a bhí ann do ghníomhaíocht ar an láthair.	
13	Obair leantach ar laigí sa chóras TF le haghaidh cigireachtaí ar an láthair. Tabhairt faoi iarrachtaí chun	X				Tugann na gnéithe nua TF aghaidh ar na laigí a sainaithníodh. Is córas iomchuí	

Moladh		Curtha chun feidhme go hiomlán	Den chuid is mó	Go pointe áirithe	Gan a bheith curtha chun feidhme	Tráchtanna	Tráthúlacht
	scileanna agus cáilíochtaí cigirí ar an láthair a mhéadú.					atá sa chóras nua oiliúna do chigirí ar an láthair.	

Foinse: CIE.

Giorrúcháin

BCE: An Banc Ceannais Eorpach

CET 1: Gnáthchothromas leibhéal 1

ICAAP: An próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil

INT: Iasacht neamhthuillmheach

JST: Comhfhoireann maoirseachta

P2R: Ceanglas Cholún 2

SAM: Sásra Aonair Maoirseachta

SFR: Scór foriomlán riosca

SREP: Próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta

ÚBE: An tÚdarás Baincéireachta Eorpach

ÚIN: Údarás inniúil náisiúnta

Gluais

Asbhaintí as caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Caipiteal rialála a cheartú, mar thoradh ar chur i bhfeidhm cumhachtaí maoirseachta, chun réaltachtaí eacnamaíocha nár tugadh cuntas orthu a léiriú.

Caighdeáin chuntasaíochta: Sraith choiteann prionsabal agus ceanglas a chuireann bonn ar fáil do bheartais chuntasaíochta agus do chleachtais chuntasaíochta.

Caillteanais chreidmheasa ionchasacha: Léiríonn siad sin na hionchais atá ag banc go dtarlódh gannchion i mbailiú sreabha airgid conarthacha.

Caipiteal rialála: An t-íosmhéid caipitil a chaithfidh banc nó institiúid airgeadais eile a shealbhú de réir dlí.

Ceanglas caipitil: An t-íosmhéid caipitil a cheanglaítear a bheith ag banc i gcoibhneas lena shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca (‘Colún 1’), móide méid breise arna ríomh ar bhonn phróifíl riosca an bhainc (‘Colún 2’).

Ceanglas Cholún 2: Is éard is ceanglas cholún 2 ann ná ceanglas caipitil a bhaineann go sonrach leis an mbanc agus a chlúdaíonn rioscaí, ar rioscaí iad a bhfuil gannmheas déanta orthu nó nach bhfuil clúdaithe leis na híoscheanglais chaipitil (tugtar colún 1 ar an gceann deiridh sin).

Cóimheas caipitil: Caipiteal bainc i gcoibhneas lena shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca.

Comhchodanna den chaipiteal rialála: Is iad sin: Caipiteal Leibhéal 1 (atá comhdhéanta de chaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 agus caipiteal breise Leibhéal 1) agus Caipiteal Leibhéal 2.

Comhthaobhacht: Sócmhainn a ghlactar mar árachas nó urrús as iasacht a thabhairt, atá le coimeád i gcás mainneachtana.

Forlíontán Cholún 2: Ceanglas breise faoi cholún 2 do bhainc ar mheas BCE go bhfuil soláthairtí neamhleora acu ó thaobh na stuamachta de.

Gnáthchothromas Leibhéal 1: Caipiteal atá ar an gcáilíocht is airde (i.e. an caipiteal is lú is féidir a fhuascailt) atá ar institiúidí airgeadais a chur ar fáil le haghaidh úsáid gan srian agus láithreach chun rioscaí nó caillteanais a chlúdach a thúisce is a tharlaíonn siad.

Iasacht neamhthuillmheach: Suim infhála atá níos mó ná 90 lá thar téarma, agus nach dócha go n-íocfar é nó ar dócha go mbeidh sí bearnaithe.

Lamháil chaipitil: An difríocht idir (i) riachtanais chaipitil fhoriomlána bainc agus (ii) a chóimheas caipitil.

Leibhéal 2: Caipiteal forlíontach atá níos éasca a fhuascailt a chaithfidh institiúidí airgeadais a shealbhú chun caillteanais a chlúdach sa chás go gclisfeadh orthu.

Maoirseacht mhicreastuamachta: Maoirseacht baincéireachta a dhíríonn isteach ar institiúidí airgeadais aonair mar chomhchodanna de chóras airgeadais.

Soláthar: Téarma cuntasaíochta don mheastachán is fearr i gcás dliteanas is dóigh a bheidh ann sa todhchaí ach nach féidir a bheith cinnte faoin uair a tharlóidh sé ná faoin méid a bheidh i gceist agus atá taifeadta sa chlár comhardaithe.

Freagraí ón mBanc Ceannais Eorpach

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-12

Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-12

An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta IV – Rialáil na margaí agus an gheilleagair iomaíoch, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt) a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Edite Dzalbe (Ceann na hOifige Príobháidí), Laura Graudina (Ataisé na hOifige Príobháidí), Marion Colonerus (Príomhbhainisteoir), Shane Enright (Ceann Cúraim), agus Joerg Genner, Mirko Gottmann, Helmut Kern, Anna Ludwikowska, Ioannis Sterpis, Nadiya Sultan agus Giorgos Tsikkos (Iniúchóirí).

Ó chlé go deas: Marion Colonerus, Ioannis Sterpis, Anna Ludwikowska, Shane Enright, Mihails Kozlovs, Joerg Genner, Mirko Gottmann, Helmut Kern, Laura Graudina, Giorgos Tsikkos.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0)*. Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, déanfaidh sé an cead ginearálta thuasluaite a chur ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus cuirfear in iúl go soiléir sa chead nua má tá aon srianta ag gabháil leis an úsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

— Fíor 7 – Deilbhíní: rinneadh na fíoracha seo a dhearadh ag úsáid acmhainní ó https://flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide CIE.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar Shuíomhanna Gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

PDF	ISBN 978-92-847-9949-7	2529-3370	doi:10.2865/657459	QJ-AB-23-012-GA-N
HTML	ISBN 978-92-847-9924-4	2529-3370	doi:10.2865/5646	QJ-AB-23-012-GA-Q

Déanann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) maoirseacht ar bhainc mhóra san Aontas Baincéireachta, trí mheasúnú a dhéanamh ar a rioscaí stuamachta. Áirítear leis sin an riosca creidmheasa, is é sin nuair a éiríonn iasachtaí neamhthuillmheach agus nuair a bhíonn siad ina mbagairt ar inmharthanacht na mbanc agus uaireanta ar an gcóras airgeadais ina iomláine.

Cé go bhfuil BCE tar éis dlús a chur lena iarrachtaí, fuaireamar go gcaithfear níos mó a dhéanamh ionas go mbeidh BCE in ann dearbhú méadaithe a fháil go bhfuil an riosca creidmheasa á bhainistiú agus á chlúdach go cuí ag na bainc. Ní thugann a mhodheolaíocht nua chun ceanglais chaipitil bhreise a chinneadh (colún 2) dearbhú go bhfuil rioscaí aonair clúdaithe go hiomlán, agus níor cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm go comhsheasmhach: ní bhfuair bainc ardriosca ceanglais chaipitil níos airde ar bhonn cionmhar. Bhain BCE úsáid neamhéifeachtúil as na huirlisí agus na cumhachtaí maoirseachta atá aige cheana féin chun clúdach iomchuí riosca creidmheasa na mbanc a áirithiú.

Chun rioscaí a bhainistiú go héifeachtach, molaimid measúnuithe riosca a neartú, an próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta a shruthlíniú, agus bearta maoirseachta níos fearr a chur i bhfeidhm.

Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors